the arts council an chomhairle ealaíon

supports for artists 07

Treoir do dhaoine aonair maidir le Dámhachtainí na Comhairle Ealaíon 2007

Leagann an treoir seo síos na dámhachtainí d'ealaíontóirí atá á dtairiscint ag an gComhairle Ealaíon i 2007. Tugann sé liosta de na dámhachtainí atá á dtairiscint agus déanann sé cur síos orthu agus tugann sé eolas maidir lena gcuspóirí agus orthu siúd atá i dteideal cur isteach orthu. Mínítear conas iarratas a dhéanamh agus conas a dhéantar na hiarratais a mheasúnú. Is iad na dámhachtainí atá á dtairiscint i 2007 ná:

- Dámhachtain Taistil & Oiliúna;
- Dámhachtain Sparánachta;
- Tionscadail: Dámhachtain Saothair Nua;
- Tionscadail: Dámhachtain Aonuaire;
- Dámhachtain Coimisiún;
- Comhaltacht Location One;
- Cónaitheacht Banff.

Réamhrá

Déanann an treoir seo cur síos ar na dámhachtainí atá á dtairiscint ag an gComhairle Ealaíon i 2007. Tugann sé liosta de na dámhachtainí atá á dtairiscint agus déanann sé cur síos orthu, agus tugann sé eolas maidir lena gcuspóirí agus orthu siúd atá i dteideal cur isteach orthu. Mínítear conas iarratas a dhéanamh agus conas a dhéantar na hiarratais a mheasúnú.

Tá sé d'aidhm ag na dámhachtainí a imlínítear anseo cabhrú le healaíontóirí aonair a gcleachtais ealaíne a fhorbairt agus a gcuid smaointe a chur i gcrích. I 2006, thug an Chomhairle Ealaíon feabhsúcháin isteach mar fhreagra ar an mbealach ina n-oibríonn ealaíontóirí. I measc na bhforbairtí suntasacha tá tabhairt isteach *Tionscadail: Dámhachtain Aonuaire*, a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le tionscadail a sheasann leo féin. Beidh an dámhachtain seo d'ealaíontóirí, do ghrúpaí ealaíontóirí, d'eagraíochtaí agus do dhaoine aonair atá ag obair sna healaíona ar bhonn gairmiúil. Beidh luach ó timpeall €10,000 go €100,000 ag na dámhachtana a bhronnfar. Is féidir cibé suim a bhronntar a úsáid chun tionscnaimh i ngach foirm agus i ngach cleachtas ealaíne a fhorbairt, a cheapadh, a chruthú agus a chur in láthair.

Táimid ag leanúint ag feabhsú ár ndámhachtain, trí dhá dháta deiridh a thabhairt isteach i gcomhair gach dámhachtain cineálach. Tá súil againn go mbeidh na dámhachtana níos solúbtha agus níos úsáidí do gach ealaíontóir mar thoradh air seo.

Ina theannta sin, i 2007 táimid chun an Dámhachtain Taistil & Oiliúna a thabhairt isteach, comhcheangal idir an *Dámhachtain Taistil & Soghluaiseachta* agus an *Dámhachtain Forbartha & Oiliúna Gairmiúla.* Is í an aidhm atá ag an dámhachtain seo ná forbairt ghairmiúil, foirmiú agus deiseanna gréasánaithe ealaíontóirí agus dhaoine atá ag obair go gairmiúil sna healaíona, a fheabhsú. Is féidir le hiarratasóirí iarratas a dhéanamh ar son taistil, cothú agus, má bhaineann sé le hábhar, le táillí cúrsa nó costais a bhaineann le freastal ar chomhdháil, ceardlann nó cónaitheacht.

Do na *Tionscadail: Dámhachtain Saothar Nua, Tionscadail: Dámhachtain Aonuaire* agus *Dámhachtain Coimisiún*, tá sraith de threoirlínte curtha ar fáil thíos a léiríonn na cineálacha saothair a d'fhéadfaí a mhaoiniú faoi na dámhachtainí seo. Tá súil againn go mbeidh siad ina gcabhair ag iarratasóirí.

Gheofar eolas faoi na dámhachtainí uile atá le tairiscint le linn 2007, mar aon le heolas faoi iarratais ar líne, sa rannóg Tacaíocht d'Ealaíontóirí ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon. Gheofar sonraí ar an suíomh gréasáin i dtaobh na scéimeanna a dtacaíonn an Chomhairle Ealaíon leo agus a reáchtáiltear i gcomhar le gníomhaireachtaí eile. Ina measc seo tá *Scéim na nEalaíontóirí sa Phobal* (CREATE); *Arts and Disability Awards* (Arts & Disability Forum); *Frameworks* (Bord Scannán na hÉireann); *Scéim Fhorbartha na nEalaíon* (Ealaín na Gaeltachta). Ní láimhseálann an Chomhairle Ealaíon aon iarratas ar son scéimeanna ealaíontóirí. Breathnaigh, le do thoil, ar an suíomh gréasáin le haghaidh tuilleadh eolais.

Is iad na dámhachtainí atá á dtairiscint i 2007 ná:

- Dámhachtain Taistil & Oiliúna;
- Dámhachtain Sparánachta;
- Tionscadail: Dámhachtain Saothair Nua;
- Tionscadail: Dámhachtain Aonuaire;
- Dámhachtain Coimisiún;

Ina theannta seo, beidh an Chomhairle Ealaíon ag tairiscint *Cónaitheacht Banff* agus an *Comhaltacht Location One.*

Is féidir le healaíontóirí an fhoirm iarratais atá leis an bhfillteán eolais seo a úsáid chun cur isteach ar an *nDámhachtain Taistil & Oiliúna, Dámhachtain Sparánachta, Tionscadail: Dámhachtain Saothair Nua, Tionscadail: Dámhachtain Aonuaire* agus *Dámhachtain Coimisiún*. Tá iarratais ar líne ar fáil freisin i gcomhair na ndámhachtainí seo. Le haghaidh tuilleadh eolais, féach suíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon www.artscouncil.ie.

Is féidir foirmeacha iarratais i gcomhair *Cónaitheacht Banff* agus an *Comhaltacht Location One* a iarraidh ar an gComhairle Ealaíon.

Tá *Deis*, an scéim bunaithe ar thograí i gcomhair ealaíontóirí a oibríonn sna healaíona traidisiúnta, ag leanúint ar aghaidh mar chuid den *Tionscnamh Ealaíon Traidisiúnta, 2005-2008.*

Clár

Eolas Bunriachtanach

Ag déanamh Iarratais 05

Cáipéisíocht Tacaíochta 06

Coinníollacha agus Critéir i gcomhair na nDámhachtainí Uile 08

Iarratais neamhbhailí 09

Nósanna imeachta measúnaithe 10

Cúntóir um Dámhachtainí d'Ealaíontóirí

- Dámhachtain Taistil & Oiliúna 11
- Dámhachtain Sparánachta 12
- Tionscadail: Dámhachtain Saothair Nua 13
- Tionscadail: Dámhachtain Aonuaire 16
- Dámhachtain Coimisiún 19
- Comhaltacht Location One 22
- Cónaitheacht Banff 23

Foirm Iarratais

Istigh ar chúl an fhillteáin eolais seo

Spriocdhátaí 2007

Tacaíochtaí d'Ealaíontóirí 07

Forbairt shuntasach i gcomhair 2007 ná go mbeidh dhá dháta deiridh ag go leor dámhachtainí ealaíontóirí de chuid na Comhairle Ealaíona. Ní mór gach iarratas a bheith faighte ag an gComhairle Ealaíon ag 5.30i.n. ar an dáta deiridh chuí.

Dámhachtainí d'Ealaíontóirí	Spriocdháta iarratais
Dámhachtain Taistil & Oiliúna:	leanúnach
Dámhachtain Sparánachta:	2 Feabhra 22 Meitheamh
Tionscadail: Dámhachtain Saothair Nua:	2 Márta 17 Lúnasa
Tionscadail: Dámhachtain Aonuaire:	2 Márta 17 Lúnasa
Dámhachtain Coimisiún:	23 Márta 21 Meán Fómhair
Comhaltacht Location One:	23 Feabhra
Cónaitheacht Banff:	9 Márta

Ag déanamh Iarratais

Conas iarratas a dhéanamh
I dtús báire, caithfidh tú na hailt seo a leanas a léamh san fhillteán eolais seo:

- Ag déanamh Iarratais
- Cáipéisíocht Tacaíochta
- Coinníollacha agus Critéir i gcomhair na nDámhachtainí Uile
- Iarratais Neamhbhailí
- Nósanna Imeachta Measúnaithe
- Eolas ar an dámhachtain ar a bhfuil tú ag déanamh iarratais.

Ba chóir duit ansin an fhoirm iarratais a chomhlánú. Glacfar le hiarratais i bhformáid cruachóipe nó ar líne.

Ar Líne
Le haghaidh eolais ar conas iarratas ar líne a dhéanamh, breathnaigh ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon www.artscouncil.ie.

Cruachóip
Ní mór duit an fhoirm iarratais chuí atá istigh ar cúl na treorach seo a úsáid chun iarratas cruachóipe a dhéanamh. Is féidir an fhoirm seo a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar an *Dámhachtain Taistil & Oiliúna, Dámhachtain Sparánachta, Tionscadail: Dámhachtain Saothair Nua, Tionscadail: Dámhachtain Aonuaire* agus *Dámhachtain Coimisiún.* Tá foirmeacha iarratais i gcomhair na *Comhaltachta Location One* agus *Cónaitheacht Banff* ar fáil ón gComhairle Ealaíon ach iad a iarraidh.

Ní mór d'iarratas a sheoladh chugainn sa phost nó a sheachadadh chugainn. Ní ghlacaimid le haon iarratais chomh luath agus atá an spriocdháta i gcomhair na dámhachtana caite. Seolfar iarratais deireanacha ar ais chuig an iarratasóir.

Ní ghlacann an Chomhairle Ealaíon le hiarratais a chuirtear chugainn sa ríomhphost nó ar facs.

Caithfear na hábhair seo a sholáthar le gach iarratas:

- **Foirm iarratais chomhlánaithe**
  Foirm iarratais ar chúl an fhillteáin seo.

- **Cur síos cuimsitheach ar do thogra**
  Ní mór an togra mionsonraithe a sheoladh isteach i gcomhair gach iarratas chomh maith leis an bhfoirm iarratais seachas i gcomhair na *Dámhachtana Taistil & Oiliúna.* Tugann sé deis duit cur le d'achoimre 200-focal i d'iarratas. Ba chóir do thogra a bheith dhá leathanach ar fad ar a mhéid.

- **CV reatha do gach duine atá bainteach leis an togra**
  Ní mór duit CV reatha an phríomhdhuine/ na bpríomhdhaoine atá bainteach leis an togra a bheith istigh leis. Más iarratas foirm ealaíne atá á dhéanamh agat, ba chóir forléargas cuimsitheach a bheith sa CV ar shaothar ábhartha atá déanta agat (m.sh. taispeántais, léiriúcháin, taifid srl.) Más iarratas ealaíon i gcomhthéacs nó ealaín san oideachas atá á dhéanamh agat, b'fhearr duit béim a chur ar scileanna agus próisis i do CV, ag léiriú na hoibre atá déanta agat agus do shaineolas sa réimse.

- **Clúdach le stampa agus do sheoladh air**
  Le cinntiú go seolfar an cháipéisíocht agus ábhair thacaíochta ar ais chugat, caithfidh tú clúdach oiriúnach a sholáthar, a bhfuil dóthain stampaí agus do sheoladh air.

- **Cáipéisíocht tacaíochta**
  Ná seol isteach ach nithe atá ábhartha agus riachtanach i gcomhair d'iarratais. Ba chóir duit samplaí de do shaothar go dtí seo a sholáthar a léiríonn do shaothar ealaíne go dtí seo mar aon le cibé ábhair eile a theastaíonn. Léigh an rannóg ar 'Cháipéisíocht Tacaíochta' ar leathanaigh 6 & 7 i gcomhair tuilleadh eolais.

Iarratas comhoibritheach a dhéanamh

Is minic gur comhiarratais a bhíonn i gceist le hiarratais i gcomhair *Tionscadail: Dámhachtain Saothair Nua, Tionscadail: Dámhachtain Aonuaire* agus *an Dámhachtain Coimisiún*. I gcás na n-iarratas seo, áfach, ní gá iarratais aonair a dhéanamh ós rud é go bhfuil spás ar an bhfoirm iarratais i gcomhair an eolais a bhaineann le gach duine atá i gceist sa togra.

I gcás iarratas ina bhfuil níos mó ná ealaíontóir amháin bainteach i gcomhair na *Dámhachtana Taistil & Oiliúna* agus na *Dámhachtana Sparánachta*, is féidir iarratais a dhéanamh ar cheachtar den dá bhealach seo a leanas:

1) Déanann ealaíontóir amháin an t-iarratas ar son na ndaoine comhpháirteacha .i. beidh ar an ealaíontóir sin freagracht iomlán a thógáil as glacadh leis an ndámhachtain, coinníollacha a chomhlíonadh agus glacadh le híocaíocht. Ní mór don ealaíontóir sin teastas imréitigh chánach a chur ar fáil. Má shocraíonn tú iarratas a dhéanamh ar an gcaoi seo ní mór gach comhpháirtí eile a liostú ar an bhfoirm iarratais.

NÓ

2) Déanann gach ealaíontóir atá comhpháirteach san iarratas a fhoirm iarratais féin a chomhlánú. Caithfear na healaíontóirí eile atá comhpháirteach san iarratas a ainmniú i ngach iarratas díobh, agus an ceangal idir na hiarratais éagsúla a mhíniú. Cuimhnigh freisin go gcaithfear mionbhuiséad a sholáthar le haghaidh gach iarratasóir. Caithfidh gach iarratasóir an tsuim atá á lorg aige/aici ón gComhairle Ealaíon a shonrú. Tabhair faoi deara gurb ina nduine is ina nduine a íoctar gach iarratasóir a úsáideann an modh iarratais seo. Caithfear deimhniú imréitigh chánach a sholáthar le haghaidh gach ealaíontóir.

Cáipéisíocht Tacaíochta

Caithfidh tú cáipéisíocht tacaíochta a chur ar fáil mar aon leis an bhfoirm iarratais chomhlánaithe. Ná cuir aon cháipéisíocht tacaíochta ar fáil seachas na cinn a bhaineann le hábhar agus atá riachtanach don iarratas. Caithfidh cáipéisíocht tacaíochta na Comhairle Ealaíon a shroicheadh faoin spriocdháta agus faoin spriocam atá sonraithe. Ní bheidh aon eisceacht air sin.

Tá cáipéisíocht tacaíochta mar chuid riachtanach de d'iarratas. Ba chóir duit na hábhair a sholáthraíonn tú a roghnú go cúramach - b'fhearr sampla amháin ardchaighdeáin a sholáthar ná cuid mhór ábhar nach bhfuil chomh maith sin is nach mbaineann le hábhar. Líon isteach gach iarratas ar nós gurb é do chéad cheann é. Ní féidir leat glacadh leis go mbeidh aithne ag gach duine de na measúnóirí ar do chuid saothair. B'fhéidir go mbeadh measúnú á dhéanamh ar d'iarratas ag daoine nach bhfuil aithne acu ar do chuid saothair.

Ba chóir gach cáipéisíocht tacaíochta a lipéadú mar is ceart agus a sholáthar san fhormáid fhorordaithe.

Má dhéanann tú iarratas ar líne, déan cinnte de go gcuireann tú litir chlúdaigh in éineacht le do cháipéisíocht tacaíochta.

Ní ghlactar le cáipéisíocht tacaíochta ach amháin i bhfoirm cruachóipe. Ní ghlacfaimid le haon cháipéisíocht tacaíochta trí ríomhphost.

I gcás ar bith, ná seol chugainn ábhar uathúil ná cóipeanna de lámhscríbhinní nach féidir a athsholáthar. Ní bheidh an Chomhairle Ealaíon freagrach as a leithéid d'ábhar.

Le cinntiú go seolfar an cháipéisíocht tacaíochta ar ais chugat, caithfidh tú clúdach oiriúnach a sholáthar, a bhfuil dóthain stampaí agus do sheoladh air.

Formáidí agus riachtanais forordaithe

DLÚTHDHIOSCA FUAIME
Ní ghlactar ach le dlúthdhioscaí fuaime caighdeánacha. Sonraigh na rianta ar mian leat go n-éistfeadh na measúnóirí leo.

CD ROM
Ba chóir go mbeadh gach diosca inléite ar PC. Ní féidir linn ach glacadh leis na formáideanna comhaid seo a leanas:
Comhad íomhá (JPEG)
Comhad fuaime (WAV)
Comhaid físeáin (QuickTime - AVI/MOV)
Comhad téacs (RTF)
Ní ghlacfar le formáidí eile comhaid.

CATALÓG
Ba cheart do chatalóga a sheoltar isteach a bheith de do chuid saothair is déanaí. Glacfar le dhá chatalóg ar a uasmhéid.

DRÉACHT-LÁMHSCRÍBHINN/ LÁMHSCRÍBHINN
Ní mór dréacht-lámhscríbhinn agus achoimre a sholáthar.

DVD
DVD caighdeánach amháin.
Ba chóir leathanach a sholáthar mar aon leis an DVD chun an comhthéacs a mhíniú. Ba chóir dhá nó trí líne eolais a sholáthar le hainm an phíosa, dáta, tráchtaireacht ghinearálta nó tráchtaireacht ar théama an phíosa, an áit ar cuireadh i láthair é, ainm na dtaibheoirí, conas a maoiníodh an saothar (m.sh. dámhachtain, féinmhaoiniú). Teastaíonn píosa chúig nóiméad, ar a laghad. Ba chóir eagarthóireacht a dhéanamh ar phíosaí fada; nó trí shliocht a roghnú (cúig nóiméad an ceann, ar a mhéid) agus a chur isteach

GRIANGHRAIF
Ba chóir grianghraif a lipéadú go soiléir le cur síos gearr ar ábhar an ghrianghraif.

FOILSEACHÁIN
Ba chóir gurbh é an saothar ba dhéanaí leat a bheadh sna foilseacháin a sholáthraíonn tú. Glacfar le huasmhéid de thrí shampla.

LÉIRMHEASANNA
Ní gá cóipeanna de léirmheasanna a chur ar fáil. Más mian leat léirmheasanna a sholáthar le d'iarratas, ná bíodh níos mó ná dhá cheann ann.

SCÓRTHA CEOIL
Níl sé éigeantach do chumadóirí ná d'ealaíontóirí fuaime scór a sholáthar lena n-iarratas, ach tá sé riachtanach i gcás gach iarratas eile i réimse an cheoil. Ba chóir duit suas le trí scór a sholáthar, ar shlí a léiríonn samplaí de do shaothar.

SCRIPT
Is féidir cóip amháin de script a sheoladh isteach.

SLEAMHNÁIN
Is féidir ocht dtréshoilseán ar a mhéid, agus ceithre thréshoilseán ar a laghad a sholáthar. Is iad na toisí ar cóir a bheith ann, agus an fráma san áireamh, ná 50mm x 50mm. Caithfear iad a uimhriú ó 1-8 in ord cróineolaíoch (ag tosú leis na híomhánna is déanaí). Caithfear liosta de na sleamhnáin a sholáthar freisin (féach leathanach 7). Caithfear gach sleamhnán a lipéadú go cuí, i ndúch doscriosta nó le lipéid sleamhnáin de dhea-chaighdeán, agus an t-eolas seo a thabhairt: d'ainm, uimhir a thugann le fios cén áit san ord féachana atá gach sleamhnán ar leith, agus ponc sa chúinne íochtarach ar chlé chun an treoshuíomh ceart a thaispeáint.



Cáipéisíocht Tacaíochta

LIOSTA SLEAMHNÁN
Sa liosta sleamhnán, caithfear eolas a thabhairt i dtaobh teidil agus dáta an tsaothair, i dtaobh na meán agus na dtoisí. Caithfidh an liosta sleamhnán a bheith de réir ord féachana na sleamhnán agus leis na lipéid ar na sleamhnáin féin.

TRÉSHOILSEÁIN
Is féidir ocht dtréshoilseán ar fad a sholáthar, más gá. Caithfidh na tréshoilseáin a lipéadú i gceart freisin.

CÓIRIÚ
Is féidir ocht leathanach A4 ar a mhéad a sholáthar. Ba chóir achoimre ghearr a sholáthar freisin. Ba chóir freisin radhairc eiseamláireacha a sholáthar, má bhaineann sé le hábhar. Maidir le hiarratais a bhfuil cóiriú i gceist iontu, iarrtar ort cúig chóip den chóiriú agus den achoimre a sholáthar.

FÍSEÁN
VHS caighdeánach amháin.
Ba chóir leathanach a sholáthar mar aon leis an VHS chun an comhthéacs a mhíniú. Ba chóir dhá nó trí líne eolais a sholáthar le hainm an tsaothair féin, dáta, tráchtaireacht ghinearálta nó tráchtaireacht ar théama an tsaothair, an áit ar cuireadh i láthair é, ainm na dtaibheoirí, conas a maoiníodh an saothar (.i. dámhachtain, féinmhaoiniú). Teastaíonn píosa chúig nóiméad, ar a laghad. Ba chóir eagarthóireacht a dhéanamh ar phíosaí fada; nó trí shliocht a roghnú (cúig nóiméad an ceann, ar a mhéid) agus a chur isteach.

Cáipéisíocht Tacaíochta ar leith don *Dámhachtain Taistil agus Oiliúna*

Litir chuiridh (más ann dá leithéid);
Dearbhú scríofa ar chruinnithe sceidealta nó cuireadh chun freastal ar imeacht ar leith.

Eolas faoin gcúrsa, comhdháil, ceardlann agus/nó cónaitheacht
Caithfidh eolas breise a sholáthar faoin gcúrsa, comhdháil, ceardlann agus/nó cónaitheacht a roghnaigh tú. Is féidir bróisiúr nó litir a úsáid chun an t-eolas sin a thabhairt, nó seoladh suímh ghréasáin a thabhairt.

Deimhniú gur glacadh leis an iarratasóir ar an gcúrsa
Glacfar le litir nó deimhniú clárúcháin, má tá a leithéid le fáil. Maidir le hiarratasóirí atá ag fanacht lena leithéid de litreacha, moltar dóibh iarratais a sheoladh isteach laistigh den spriocam cheithre seachtaine fiú mura bhfuil na litreacha faighte acu fós. Ina leithéid sin de chás, ba chóir don iarratasóir a thabhairt le fios san iarratas go seolfar na litreacha deimhnithe/glactha i gclúdach ar leith tráth a bheidh siad le fáil.

Cáipéisíocht Tacaíochta a bhaineann le *Tionscadail: Dámhachtain Saothair Nua, Tionscadail: Dámhachtain Aonuaire* agus an *Dámhachtain Coimisiún*

Cáipéisíocht a imlíníonn/a dheimhníonn na pleananna don togra.
Glacfar le litreacha ó pháirtithe eile ag deimhniú go mbeidh siad páirteach sa togra (m.sh. conarthaí, comhaontuithe maidir le hionad tionóil).

Amscála/sceideal
Dáta tosaigh agus dáta scoir an togra

Fianaise ar thacaíocht eile
Glacfar le litreacha ag deimhniú tacaíochta airgeadais nó tacaíochta le hábhar.

Tuilleadh sonraí airgeadais agus riaracháin
Ní mór fianaise a sholáthar go bhfuil maoiniú faighte ó fhoinse eile, más ann dá leithéid. Caithfear buiséid léiriúcháin a sholáthar le hiarratais *do Thionscadail: Dámhachtain Saothair Nua* agus *Tionscadail: Dámhachtain Aonuaire* i réimsí an rince, an cheoil agus na hamharclannaíochta.

Imlíne ar phleananna chun an tionscadal a mheasúnú
Cuntas imlíneach ar conas a dhéanfaidh sibh forás an togra a mhonatóireacht agus an taithí a chur chun sochair.

Fianaise ar phróiseas comhoibritheach (don Tionscadail: Dámhachtain Saothair Nua)
Má tá próiseas comhoibritheach i gceist sa togra, caithfidh tú fianaise a sholáthar a léiríonn conas a oibreoidh an comhoibriú seo. Ba chóir daoibh freisin eolas a sholáthar a léiríonn bhur n-acmhainn agus bhur gcumas chun oibriú i bpáirt le dream eile. Tá go leor slite ann chun an próiseas comhoibritheach a fhaisnéisiú (m.sh. iad siúd atá ag plé le tionscadail ealaíne rannpháirteacha, is féidir leo leas a bhaint as leabhair shaothair agus dialanna a rinneadh i gcomhar leis na comhpháirtithe mar fhianaise ar an bpróiseas comhoibritheach).

Figiúirí lucht féachana/éisteachta
Má tá léiriú nó taispeántas (nó rud éigin den chineál sin) le reáchtáil agat, ní mór duit réamh-mheastachán a sholáthar ar líon an lucht féachana/éisteachta.

Eolas faoin gcomhlacht coimisiúnaithe
I gcás iarratas ar an *nDámhachtain Choimisiún,* caithfidh tú eolas a sholáthar ar an gcomhlacht coimisiúnaithe - cé atá ann, cad é a dhéanann siad agus cén fáth ar mian leo an saothar a choimsiúnú. Chomh maith leis sin, caithfidh an comhlacht coimisiúnaithe eolas a sholáthar maidir le conas a mhaoineoidh siad costais an choimisiúin. Ní chlúdaíonn maoiniú na Comhairle Ealaíon ach an táille choimisiúnaithe. Mar shampla, más mian le buíon ceoltóirí cumadóir a choimisiúnú, caithfidh tú eolas a sholáthar mar gheall ar an mbuíon ceoltóirí sin, fianaise i dtaobh a gcuid oibre agus conas a mhaoineoidh siad costais an choimisiúin.

Sceideal íocaíochta i gcomhair an choimisiúin
Tugann an sceideal íocaíochta le fios conas agus cathain a íocfar an t-ealaíontóir don saothar coimisiúnaithe. Chomh maith leis sin, caithfidh eolas a sholáthar ar conas a comhaontaíodh an táille choimisiúnaithe.

Tagairtí do thionscnaimh agus do thionscadail chomhchosúla
Cabhróidh seo le do thogra a chur i gcomhthéacs.

Coinníollacha agus Critéir i gcomhair na nDámhachtainí uile

Coinníollacha i gcomhair na ndámhachtainí uile

- Bronntar gach dámhachtain de réir na gcistí atá le fáil. Is féidir go gcoimeádfar dámhachtainí siar nó go roinnfear idir iarratasóirí iad de réir mar a thograíonn an Chomhairle Ealaíon.
- Ní mór d'iarratasóirí a bheith tagtha chun an tsaoil in Éirinn nó a bheith ina gcónaí ann agus uimhir PPS a bheith acu. Tá ár sainmhíniú ar cad is 'Cónaitheacht' ann bunaithe ar an sainmhíniú a úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim.

Measfar tú a bheith i do chónaí in Éirinn, in aon bhliain ar leith, i gceachtar den dá chás seo a leanas:

- *Má chaitheann tú 183 lá nó níos mó in Éirinn in aon bhliain amháin (1 Eanáir - 31 Nollaig)*

NÓ

- *Má chaitheann tú 280 lá nó níos mó in Éirinn thar dhá bhliain i ndiaidh a chéile, measfar tú a bheith i do chónaí ann sa dara bliain díobh. Bíodh sin mar atá, ní féidir leas a bhaint as an gcoinníoll sin má caitheadh 30 lá nó ní ba lú in Éirinn in aon cheann den 2 bhliain.*

Sampla:

(1) Measfar tú a bheith i do chónaí anseo le linn an dara bliain má chaitheann tú 140 lá anseo le linn an chéad bhliain agus 150 le linn na dara bliana.

(2) Ní measfar tú a bheith i do chónaí anseo le linn na dara bliana má chaitheann tú 365 lá anseo le linn na chéad bhliana agus 10 le linn na dara bliana.

I gcomhair na *Dámhachtana Coimisiún*, ní mór don ealaíontóir **nó** don choimisinéir an critéar cónaitheachta seo a chomhlíonadh.

Níl daoine a chónaíonn i dTuaisceart Éireann i dteideal iarratas a dhéanamh ar dhámhachtainí de chuid na Comhairle Ealaíon.

- Maidir le dámhachtainí aonair, caithfear uimhir PPS a sholáthar má tá os cionn €650 i gceist. Iad siúd a fhaigheann os cionn €6,500, caithfidh siad Deimhniú Imréitigh Chánach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a sholáthar. Is féidir deimhniú imréitigh chánach a iarraidh ar líne ag www revenue.ie. Ní gá do dhearbhú imréitigh chánach a sheoladh isteach le d'iarratas, ach má fhaigheann tú maoiniú beidh ort é a sheoladh isteach chun do dhámhachtain a fháil.
- Iad siúd a fhaigheann dámhachtain, ní mór dóibh tacaíocht na Comhairle Ealaíon a admháil i ngach ábhar poiblíochta a bhaineann lena saothar. Féach *A Guide to Acknowledging Arts Council Funding,* atá le fáil ach a lorg ón gComhairle Ealaíon.
- Más amhlaidh nach bhfuil an t-iarratas bailí, seolfaidh an Chomhairle Ealaíon ar ais go dtí an t-iarratasóir é, agus cuirfidh comhairle orthu dá réir.
- Is idir an Chomhairle agus an t-iarratasóir féin a bheidh gach comhfhreagras, mura socraítear a mhalairt.
- Iad siúd a fhaigheann dámhachtain, ní mór dóibh tuairisciú ar conas a d'úsáid siad an dámhachtain, agus admhálacha a sholáthar, de réir mar is cuí. Seolfar foirm thuairiscithe agus eolas cuí eile chugat in éineacht le do litir thairisceana. Ní mór an fhoirm thuairiscithe a bheith seolta isteach in éineacht le d'iarratas chun an tráthchuid dheireanach de do mhaoiniú a tharraingt anuas.

Critéir i gcomhair na ndámhachtainí uile

Déantar gach iarratas a mheas i gcomhthéacs:

- Caighdeán an smaoinimh a chuirtear i láthair;
- Teist (nó poitéinseal) an iarratasóra - fianaise go bhfuil saothair ealaíne de chaighdeán agus de thábhacht aitheanta curtha ar fáil aige/aici. I gcás daoine ar bheagán taithí, beidh na measúnóirí ag lorg fianaise ar a bpoitéinseal;
- Cé chomh hindéanta is atá an togra go léir, féidearthacht airgeadais san áireamh;
- An iomaíocht atá ann le haghaidh cibé acmhainní atá le fáil;
- Critéir ar leith a bhaineann leis an sparánacht a bhfuil tú ag déanamh iarratais ar a son.

Iarratais Neamhbhailí

Measfar d'iarratas a bheith neamhbhailí agus seolfar ar ais chugat é sna cásanna seo a leanas:

- Tá tú ag iarraidh maoinithe le haghaidh gníomhaíochtaí atá curtha i gcrích cheana féin (maoiniú siarghabhálach) nó a bheidh curtha i gcrích faoin am a ndéanfar cinneadh i dtaobh d'iarratais;
- Imeachtaí chun airgead a bhailiú ar son cumann carthanachta nó imeachtaí a bhfuil an ghné iomaíoch i dtreis iontu;
- Tograí nó gníomhaíochtaí atá dírithe, den chuid is mó, ar bhrabús a ghnóthú;
- Iarratais/tograí atá measúnaithe cheana féin ag an gComhairle Ealaíon, ach amháin má mhol an Chomhairle Ealaíon duit d'iarratas a dhéanamh arís, ach faoi Dhámhachtain éigin eile. Ach cuimhnigh nach ionann a leithéid de mholadh agus gealltanas go n-éireoidh leis an iarratas agus go bhféadfadh an spriocdháta cuí a bheith am éigin amach anseo;
- Ní chomhlíonann tú na critéir don dámhachtain a bhfuil iarratas á dhéanamh agat ar a son;
- Níor sholáthair tú an cháipéisíocht tacaíochta uile a sonraíodh mar aon le d'iarratas;
- Má bhíonn d'iarratas nó do cháipéisíocht tacaíochta déanach; is é sin má fhaightear an t-iarratas agus an cháipéisíocht tacaíochta tar éis an spriocdháta agus an spriocama (má shonraítear a leithéid);
- Má chuireann tú d'iarratas chugainn tríd an ríomhphost nó ar facs (féach leathanach 5).

Nósanna Imeachta Measúnaithe

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a mheas, déanann cinneadh agus cuireann an cinneadh in iúl don iarratasóir de réir na ngnáthamh seanbhunaithe a mhínítear anseo. Is í an aidhm atá ann a chinntiú go bhfuil córas cothrom trédhearcach ann maidir le dámhachtainí a bhronnadh. Úsáideann an Chomhairle Ealaíon próiseas measúnaithe, mar seo a leanas:

1) Faightear an t-iarratas faoin spriocdháta agus spriocam cuí. Déanaimid an t-iarratas a admháil laistigh de 10-15 lá oibre (idir dhá agus trí seachtaine oibre) ón spriocdháta. Is féidir go gcuirfimid ceisteanna nó go lorgóimid tuilleadh eolais (sa bhreis ar na riachtanais eolais a luadh i dtosach).

   Tabhair chun d'aire, le do thoil, nach seoltar litreacha admhála i gcás iarratas don *Dámhachtain Taistil agus Oiliúna*. Déanann an Chomhairle Ealaíon iarracht gach iarratas a mheasúnú chomh tapa agus is féidir; ach mar gheall ar líon na n-iarratas ar dhámhachtainí áirithe, féadann an próiseas a bheith sách fadálach. Ní bhíonn aon aird againn ar stocaireacht a dhéanann an t-iarratasóir nó a dhéantar ar son an iarratasóra (le cead nó gan cead an iarratasóra).

2) Ceaptar painéil de chomhealaíontóirí chun dámhachtainí áirithe a mheas; agus bíonn próiseas gearrliosta in úsáid do chuid acu; is speisialtóirí agus feidhmeannaigh de chuid na Comhairle Ealaíon a dhéanann dámhachtainí áirithe eile a mheas. Mar gheall ar an líon mór iarratas, tá sé mar bheartas ag an gComhairle Ealaíon gearrliostaí a réiteach, de réir mar is cuí. I gcás go gcuirtear iarratasóirí ar ghearrliosta, is é an speisialtóir nó an feidhmeannach cuí de chuid na Comhairle Ealaíon, nó measúnóirí seachtracha más gá, a mheasann an t-iarratas. Cuirtear na hiarratais ghearrliostaithe ar aghaidh ansin go dtí an painéal comhealaíontóirí, a mbíonn cead acu gach iarratas a fheiceáil.

3) Ar bunús painéal measúnaithe bíonn ar a laghad triúr moltóirí seachtracha le taithí chuí san fhoirm/sa chleachtas ealaíne, agus ball den Chomhairle Ealaíon a fheidhmíonn mar chathaoirleach gan cearta vótála. D'fhéadfadh speisialtóir agus feidhmeannaigh de chuid na Comhairle Ealaíon a bheidh páirteach chomh maith, de réir mar ba ghá. Déanann an painéal measúnaithe moltaí maidir le bronnadh na ndámhachtainí agus déanann an Chomhairle na moltaí seo a fhaomhadh. Is iad an Bainisteoir agus an fhoireann Seirbhísí d'Ealaíontóirí a mhaoirsíonn an próiseas go léir agus a chuireann na cinntí i bhfeidhm. Is féidir leis an bpainéal breathnú ar gach iarratas ar lá an mheasúnaithe - bídís ar an ngearrliosta nó ná bíodh. Bíonn na speisialtóirí nó na feidhmeannaigh a réitigh an gearrliosta le fáil chun eolas a sholáthar, más gá. I gcás roinnt dámhachtainí nach mbíonn gearrliosta in úsáid ina gcomhair, bíonn vóta le caitheamh ag na speisialtóirí agus ag na feidhmeannaigh atá páirteach sa mheasúnú painéil.

4) Measúnú inmheánach: is go hinmheánach, leis an bhfoireann speisialtóirí agus feidhmeannach, a dhéantar measúnú don *Dámhachtain Taistil agus Oiliúna* agus *Tionscadail: Dámhachtain Aonuaire*. Déanann an Chomhairle gach cinneadh díobh a fhaomhadh.

5) Déanann an Chomhairle Ealaíon gach moladh a fhaomhadh le linn cruinniú den Chomhairle. Cuirtear iarratasóirí ar an eolas faoin gcinneadh chomh luath agus is féidir ina dhiaidh sin. Sa litir thairisceana, imlínítear na coinníollacha caighdeánacha a bhaineann leis an dámhachtain a ghlacadh. Is leis an litir fhógartha seo i dtaobh chinneadh na Comhairle a sheoltar ar ais an cháipéisíocht tacaíochta a cuireadh ar fáil leis an iarratas.

Ní fhógraímid sonraí i dtaobh chinntí deontais ar an teileafón.

Cad é a tharlaíonn nuair a bhronntar dámhachtain orm?
Cuirfear litir thairisceana chugat ag míniú téarmaí agus coinníollacha na dámhachtana. Iarrfar ort scríbhinn fhoirmiúil a chur chun na Comhairle ag glacadh leis an dámhachtain. Is gnách an dámhachtain a íoc i dtráthchodanna agus caithfear iarratas scríofa a chur chugainn chun gach tráthchuid a 'tharraingt anuas'. Ní dhéantar aon íocaíocht gan a leithéid d'iarratas.

Cad é a tharlaíonn mura mbronntar dámhachtain orm?
Ní éiríonn le gach uile iarratas. Bíonn an t-éileamh ar mhaoiniú i gcónaí níos mó ná na hacmhainní atá le fáil. Bronntar gach dámhachtain i dtimpeallacht iomaíoch dírithe ar na critéir a imlínítear ar Leathanach 8 agus, más cuí, critéir shainiúla i gcomhair an ghradaim.

Má theipeann ar iarratasóir, ba chóir dó/di smaoineamh ar iarratas a dhéanamh am éigin amach anseo. Toisc gur ar bhonn iomaíoch a bhronntar na dámhachtainí, agus toisc go mbíonn líon mór iarratasóirí ann, ní féidir dámhachtain a bhronnadh ar gach iarratasóir fónta incháilithe. Fiú má tá an t-iarratasóir incháilithe agus má chloíonn sé/sí leis na critéir mheasúnaithe, ní hionann sin is a rá go mbronnfar dámhachtain air/uirthi.

Achomhairc agus gearáin
Má mheasann tú nár cloíodh le gnáthaimh fhoilsithe na Comhairle, breathnaigh ar Ghnáthamh Achomhairc agus Gearán na Comhairle (atá le fáil ar www.artscouncil.ie) nó téigh i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon le haghaidh cóipe den bhileog eolais faoi Achomhairc agus Gearáin.

Dámhachtain Taistil & Oiliúna

Dáta deiridh: leanúnach (féach eolas faoi na spriocdhátaí thíos)

Is dámhachtain nua atá sa *Dámhachtain Taistil & Oiliúna* agus ceanglaíonn sí an *Dámhachtain Taistil & Soghluaiseachta* leis an *Dámhachtain Forbartha & Oiliúna Gairmiúla*. Is í an aidhm atá ag an dámhachtain seo ná forbairt ghairmiúil, múnlú agus deiseanna líonraithe ealaíontóirí agus daoine atá ag obair go gairmiúil sna healaíona a fheabhsú. Is féidir le hiarratasóirí iarratas a dhéanamh ar son taistil, cothabhála agus, má bhaineann sé le hábhar, le táillí cúrsa nó costais a bhaineann le freastal ar chomhdháil, ceardlann nó cónaitheacht.

Cuirfidh an *Dámhachtain Taistil & Oiliúna* tacaíocht ar fáil i gcomhair tréimhse ghairid (sé mhí nó níos lú) taistil lasmuigh d'Éirinn. Tá an dámhachtain seo oscailte d'iarratasóirí ar mian leo seal gairid a chaitheamh ag plé le tionscnaimh neamhfhoirmiúla oideachais/forbairt gairmréime i dtíortha thar lear. Clúdaíonn sé seo cúrsaí, meantóireacht, intéirneachtaí, ceardlanna nó cónaitheachtaí.

Tacaíonn an dámhachtain seo le forbairt ghairmiúil fhoirmiúil agus tionscnaimh mhúnlaithe. Tá sí ceaptha chun cabhrú le gníomhaíochtaí forbartha ar bith a fheabhsaíonn an cleachtas ealaíne agus a thacaíonn le forbairt ghairmréim an iarratasóra. Tá staidéar praiticiúil agus/nó obair acadúil a bhaineann le cleachtas an ealaíontóra i dteideal tacaíochta chomh fada is gurb in institiúid aitheanta atá siad. Ní mór na hiarratais a bheith i gcomhair iarchéime foirmiúla nó oiliúint/oideachas ar chomhchéim leis.

Is féidir le daoine agus le heagraíochtaí an dámhachtain seo a úsáid le haghaidh daoine a thabhairt ar cuairt go hÉirinn. Is í an sprioc atá leis sin ná lucht ealaíne gairmiúil ón iasacht (m.sh. léiritheoirí, láithreoirí, feighlithe, criticeoirí) a spreagadh chun teacht go hÉirinn ag féachaint ar shaothar an iarratasóra. Is féidir leis an duine nó an eagraíocht iarratas a dhéanamh chun costais taistil agus lóistín na n-aíonna idirnáisiúnta a íoc. Íocfar iad tar éis na cuairte, i ndiaidh dóibh admhálacha a chur ar fáil. Moltar d'iarratasóirí ainm an aoi a lua agus fios feasa na cuairte a mhíniú (mar shampla, an toradh a bhfuiltear ag súil leis). Ní miste an cuairteoir a bheith ag plé le roinnt gníomhaíochtaí éagsúla le linn dó/di a bheith in Éirinn (m.sh. léachtaí, ceardlanna a stiúradh), ach ní mór gurb é príomhchuspóir na cuairte dul i ngleic le saothar an iarratasóra a thug an cuireadh.

Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?
Is féidir le healaíontóirí agus le daoine atá ag obair sna healaíona ar bhonn gairmiúil iarratas a dhéanamh ar son na dámhachtana seo. Clúdaíonn sé sin taibheoirí, cleachtóirí ealaíne, riarthóirí/bainisteoirí ealaíne agus foireann theicniúil atá ag obair sna healaíona.

Cad é nach bhfuil incháilithe?
- Iarratais a mbeadh an toradh céanna orthu is a bheadh ar fhoinsí maoinithe eile nó atá níos oiriúnaí d'fhoinsí maoinithe eile;
- Mic léinn ar mian leo an dámhachtain a úsáid chun taisteal anonn is anall idir an baile agus an áit a bhfuil staidéar ar siúl acu thar lear;
- Bun agus meánoideachas;
- Cúrsaí fochéime/gairmoiliúna;
- Socrúcháin le gnólachtaí gairmiúla a bhíonn ag plé leis na healaíona nó gnóthaí eile (mar shampla, gnólachtaí ailtireachta nó cuideachtaí scannán);
- Cúrsaí ealaíne neamhghairmiúla;
- Camchuairteanna agus grúpaí ar camchuairt;
- Daoine aonair ar mian leo freastal ar agallaimh i gcomhair fostaíochta;
- Turais tráchtála;
- Aisteoirí ag freastal ar éisteachtaí;
- Turais chun cistí airgid a bhailiú.

Critéir
Chomh maith leis na critéir a imlínítear ar leathanach 8, tá feidhm leis na critéir seo a leanas:

- An dóchúlacht atá ann go mbeidh toradh ar an dámhachtain de réir mar a bhítear ag súil leis;
- Fianaise go bhfuil an t-airgead ag teastáil, lena n-áirítear maoiniú eile a bheith le fáil. Caithfidh tú tabhairt le fios cén ranníocaíocht atá le cur ar fáil agat féin i leith na dámhachtana;
- Caighdeán/clú an chúrsa (nuair is cuí).

Coinníollacha na Dámhachtana Taistil & Oiliúna
Beidh ar gach duine ar a mbronntar dámhachtain tuairisc ghearr a chur ar fáil. Ní mór freisin cóipeanna d'admhálacha taistil (aistear amháin) a sheoladh isteach, agus de réir is cuí, admhálacha íocaíochtaí táillí cúrsaí.

Spriocdhátaí
Ní mór d'iarratasóirí gur mian leo freastal ar chúrsa foirmiúil (iarchéim nó cúrsa eile ar chomhchéim leis) a gcuid iarratais a sheoladh isteach ar a laghad 3 mhí roimh thús a bheith curtha leis an gcúrsa.

Ní mór d'iarratasóirí gur mian leo freastal ar chúrsaí neamhfhoirmiúla (m.sh., ceardlanna, ceardlanna) nó taisteal thar lear chun leas a bhaint as deiseanna eile (m.sh., líonrú, cónaitheachtaí, comhdhálanna) a n-iarratas a sheoladh isteach ar a laghad **4 seachtaine** roimh an dáta imeachta. Tabhair faoi deara go gcuirfear litir go dtí iarratasóirí a bhfuil dámhachtain le tairiscint dóibh. Beidh orthu scríobh ar ais chun glacadh leis an tairiscint. Ós rud é gur féidir leis an bpróiseas seo a bheith níos faide ná ceithre seachtaine, ba chóir d'iarratasóirí gur mian leo eitiltí a chur in áirithe nó socruithe eile a dhéanamh tamall maith roimhré a gcuid iarratas a sheoladh isteach chomh luath agus is féidir.

Cad é luach na dámhachtana?
Go hiondúil, is í an dámhachtain is airde ná €12,000.

I 2006, €1,500 ar an meán a bronnadh i gcomhair deiseanna neamhfhoirmiúla (ceardlanna, máistir-ranganna, aistir ghairide thar sáile). Ba €6,000 ar an meán a bronnadh i gcomhair cúrsaí foirmiúla (iarchéim nó cúrsa eile ar chomhchéim leis). Tabhair faoi deara, mar thoradh ar an líon ard iarratas d'ardchaighdeán a dhéantar ar an dámhachtain seo, go mb'fhéidir go dtairgfear páirtmhaoiniú.

Cáipéisíocht tacaíochta
Féach, le do thoil leathanaigh 6 & 7 ('Cáipéisíocht Tacaíochta') le haghaidh eolais ar an gcáipéisíocht tacaíochta a theastaíonn agus na formáidí ar gá cloí leo. Cuimhnigh go dteastaíonn cáipéisíocht tacaíochta ar leith in iarratas ar *Dhámhachtain Taistil & Oiliúna*. Déan tagairt do leathanach 7.

Le haghaidh tuilleadh eolais, téigh i dteagmháil le:
T: 01 618 0200
R: travelandtraining@artscouncil.ie

Seol d'iarratas chuig:
Dámhachtain Taistil & Oiliúna
An Chomhairle Ealaíon
70 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2

Dámhachtain Sparánachta

Dátaí deiridh: 2 Feabhra, 5.30i.n.
22 Meitheamh, 5.30i.n.

Is í aidhm na dámhachtana seo ná cabhrú le healaíontóirí gairmiúla ag gach céim dá saol oibre a gcleachtas ealaíne a fhorbairt. Ní mór do dhaoine a chuireann isteach ar sparánacht a bheith i mbun oibre mar ealaíontóir gairmiúil nó oibrí ealaíon. Cé nach gá go dtuilleann siad ioncam go leanúnach óna gcleachtas ealaíne, ní mór dóibh iad féin a aithint agus a bheith aitheanta ag a gcomhghleacaithe mar ealaíontóir atá i mbun a c(h)eirde.

Tugann an dámhachtain seo deis d'ealaíontóirí, is cuma faoin gcomhthéacs nó faoin bhfoirm ealaíne ina mbíonn siad ag saothrú; chun am, fairsinge agus saoirse a 'cheannach' chun díriú ar shaothar ar leith nuair nach mbíonn orthu a bheith ag plé lena ngnáthchúraimí. Is féidir é a úsáid chun 'am a cheannach', agus spás, trealamh, áiseanna agus saineolas tríú páirtí (agus acmhainní eile nach bhfuil aitheanta fós) a sholáthar chun a gcleachtas ealaíne a fhorbairt. Is féidir le hiarratasóirí iarratas a dhéanamh ar son costais mhaireachtála, ábhair agus, i gcásanna áirithe, seirbhísí a fhostú má tá siad riachtanach nó má tá dlúthbhaint acu leis an bpróiseas cruthaitheach nó leis an saothar a chur ar fáil agus a chraobhscaoileadh.

Tá scóip an ghradaim seo leathnaithe amach ó 2006 i leith. Chomh maith leis na sparánachtaí a gcuirtear síos orthu thuas, is mian leis an gComhairle Ealaíon tacú le:

- Sparánachtaí cruthaitheacha ilbhliantúla (dhá-trí bliana);
- Sparánachtaí ilbhliantúla (dhá-trí bliana) sna taibhealaíona, go háirithe sparánachtaí a thugann deis do thaibhealaíontóirí próiseas-bhunaithe saothar a fhorbairt nó a chruthú;
- Sparánachtaí comhoibritheacha;
- Sparánachtaí i gcomhair trealaimh agus ábhar.

Chomh maith leis sin, glacfar le hiarratais ag lorg cúnaimh le costais bhreise a bhíonn ar ealaíontóirí míchumasaithe agus iad ag iarraidh saothar a chruthú. I gcomhthéacs *Tionsncamh na nEalaíon Traidisiúnta 2005-2008*, fáiltímid roimh iarratais daoine atá ag saothrú sna foirmeacha ealaíne traidisiúnta.

Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?
Is féidir le healaíontóirí iarratas a dhéanamh, is cuma faoin bhfoirm nó seánra ealaíne atá á shaothrú acu. Clúdaíonn sé sin:

- Ailtirí;
- Ealaíontóirí ag obair i gcomhthéacsanna;
- Córagrafóirí (bailé, rince comhaimseartha, traidisiúnta srl.);
- Cumadóirí (comhaimseartha, clasaiceach, snagcheol, traidisiúnta, srl.);
- Seifteoirí (iad siúd atá gafa le saothar a chruthaítear de thoradh ar phróiseas seiftithe nó tobchumadóireachta agus a chuirtear ar fáil ina dhiaidh sin i bhformáid éigin in-aithrise: script, físeán nó nótaí de shaghas éigin eile).
- Ealaíontóirí scannáin;
- Taibheoirí (ealaíontóirí próiseas-bhunaithe ag obair le damhsa, ceol nó amharclannaíocht);
- Stiúrthóirí amharclainne;
- Amharcealaíontóirí (dealbhóirí, péintéirí agus ealaíontóirí a bhfuil meáin nua á saothrú acu);
- Scríbhneoirí (filíocht, dráma, ficsean, saothair bheathaisnéise liteartha atá dírithe ar bheathaisnéisí údar beo, agus taighde i dteoiric agus i gcleachtadh na n-ealaíon comhaimseartha).

Cad é nach bhfuil incháilithe?

- Iarratais a mbeadh an toradh céanna orthu agus a bheadh ar fhoinsí maoinithe eile nó atá níos oiriúnaí d'fhoinsí maoinithe eile *(m.sh. Dámhachtain Taistil agus Oiliúna);*
- Mórchostais chaipitiúla agus ceannacháin;
- Costais chíosa i dtaca le spásanna atá á maoiniú ag an gComhairle Ealaíon cheana féin (stiúideonna grúpa);
- Airgeadas comhlántach i gcomhair scannán nó tionscadal léirithe;
- Maoiniú léiriúcháin i gcomhair scannán gearr nó príomhscannán.

Critéir
Féach na critéir ar leathanach 8.

Cad é luach na dámhachtana?
Suimeanna go huasmhéid €15,000 in aghaidh na bliana do gach ealaíontóir.

Cáipéisíocht tacaíochta
Féach, le do thoil leathanaigh 6 & 7 ('Cáipéisíocht Tacaíochta') le haghaidh eolais ar an gcáipéisíocht tacaíochta a theastaíonn agus na formáidí ar gá cloí leo nuair a chuirtear isteach na cineálacha cáipéisíochta éagsúla.

Le haghaidh tuilleadh eolais, téigh i dteagmháil le:
T: 01 618 0200
R: bursaries@artscouncil.ie

Seol d'iarratas chuig:
Dámhachtain Sparánachta;
An Chomhairle Ealaíon
70 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2

Tionscadail: Dámhachtain Saothair Nua

Dátaí deiridh: 2 Márta, 5.30i.n.
17 Lúnasa, 5.30i.n.

Cuireann *Tionscadail: Dámhachtain Saothair Nua* maoiniú ar fáil i gcomhair na gcéimeanna forbartha agus/nó léiriúcháin de thionscadail a leathnaíonn amach teorainneacha foirmeacha ealaíne agus/nó cleachtais ealaíona. Is í aidhm shonrach na dámhachtana ná cabhrú le healaíontóirí na smaointe seo a cheapadh, a scrúdú agus/nó a chur i ngníomh, i ngach foirm/cleachtas i gcumasc ar bith de na foirmeacha/ disciplíní sin. Tugann an dámhachtain seo tús áite do chruthú saothair nua trí thurgnamhacht agus/nó comhoibriú. Tá an dámhachtain seo dírithe ar theorainneacha foirmeacha agus cleachtadh ealaíne a shíneadh amach. Féach thíos samplaí de thionscadail a d'fhéadfaí a mhaoiniú faoin dámhachtain seo.

Glacfar le hiarratais ar son
- na céime taighde agus forbartha agus/nó
- na céime léiriúcháin de thionscadal a chuireann saothar nua ar fáil.

Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?
Ealaíontóirí, grúpaí ealaíontóirí, eagraíochtaí agus oibrithe gairmiúla ealaíne nó aon chumasc díobh sin.

Cad é nach bhfuil incháilithe?
- Tograí a fhaigheann maoiniú ón gComhairle Ealaíon cheana féin, .i., tograí nach bhfuil iontu ach athfhriotal ar shaothar atá ar siúl ag an eagraíocht cheana féin nó ar an riarachán leanúnach:
- Costais chaipitiúla;
- Camchuairteanna;
- Tograí a oireann níos fearr do chláir mhaoinithe eile de chuid na Comhairle Ealaíon nó do scéimeanna a thairgeann an Chomhairle Ealaíon i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí/ eagraíochtaí eile;
- Tionscadail atá curtha i gcrích cheana féin;
- Tionscadail Ghaeilge a fhaigheann maoiniú ó Ealaín na Gaeltachta.

Critéir
Chomh maith leis na critéir a imlínítear ar leathanach 8, cuirtear san áireamh fianaise air:
- Turgnamh nó comhoibriú;
- Caighdeán an phróisis chomhoibrithigh (má bhaineann le hábhar);
- Cé chomh hindéanta agus atá an togra go léir. Clúdaíonn sé seo féidearthacht airgeadais, agus caithfidh tú sonraí a thabhairt i dtaobh tacaíochta atá á lorg agat nó tacaíocht atá faighte agat go dtí seo; fianaise ar acmhainn bainistíochta agus/nó riaracháin nó tacaíocht riaracháin atá faighte;
- Caithfidh CV na foirne a sholáthar leis na hiarratais mar aon le mionphleananna agus buiséid léiriúcháin, de réir mar is cuí;
- Caithfidh iarratasóirí a léiriú go bhfuil íocaíocht agus coinníollacha oibre cearta agus córa ar fáil do gach comhpháirtí aonair;
- Sochar do chleachtadh na n-ealaíon agus d'ealaíontóirí in Éirinn.

Cad é luach na dámhachtana?
Is dócha go mbronnfar suimeanna sa raon €5,000 go €50,000.

Treoirlínte maidir le foirmeacha agus cleachtais ealaíne
Tá comhairle sna treoirlínte seo thíos i dtaobh na gcineálacha tionscadail a d'fhéadfaí a mhaoiniú faoin dámhachtain seo i ngach foirm agus cleachtadh ealaíne.

I measc na dtionscadal ***ailtireachta*** a d'fhéadfaí a bheith ann tá:
- iad siúd a fhéachann leis an ailtireacht a fhorbairt trí chomhobair idir ailtirí agus ealaíontóirí i bhfoirmeacha ealaíne eile, (m.sh. téatar, rince, na hamharcealaíona, éigse sráide srl.);
- saothar nua, bunúsach agus criticiúil le hailtire aonair nó le meitheal ailtirí agus ealaíontóirí eile a fhorbairt;
- toradh nithiúil intadhaill a bheith air m.sh. foilseachán, taispeántas agus/nó tógáil foirgnimh;
- an ailtireacht a chur i láthair pobail féachana nua agus é a bheith de chuspóir acu deis a thabhairt don phobal dul i ngleic leis an ailtireacht agus a dtuiscint ina leith a mhéadú.

Ní ghlacfar le hiarratais ailtireachta ar son tograí atá á dtógáil nó á bhforbairt cheana féin mar chuid de scéim eile tógála nó de phróiseas soláthair eile.

I measc na dtionscadal a d'fhéadfaí a mhaoiniú i réimse ***an tsorcais, na sráidealaíne agus seónna*** tá:
- iad siúd a thugann deis d'ealaíontóirí obair le daoine gairmiúla, mar shampla córagrafóirí, léiritheoirí, dearthóirí cultacha, d'fhonn saothar nua a chruthú agus a chur i láthair lucht féachana/éisteachta;
- cur ar a gcumas d'ealaíontóirí, thar raon de sheánraí éagsúla laistigh de na foirmeacha ealaíne seo, saothair a chruthú a athraíonn a gcoincheapa féin faoi chleachtais oibre an lae inniu;
- amanna réamhchleachtaí oiriúnacha a sholáthar a ligeann d'ealaíontóirí a bhfoirmeacha ealaíne a ghrinniú sula léirítear an saothar go poiblí.

I measc na dtionscadal ***rince*** a d'fhéadfaí a bheith ann tá:
- smaointe úrnua ealaíne a mholadh a chuireann ealaíontóirí rince i ngleic le comhpháirtithe sa phróiseas cruthaitheach agus/nó léiriúcháin d'fhonn saothair nua sainiúla a chruthú;
- tograí a bhfuil comhpháirtíochtaí nua agus/nó comhpháirtíochtaí turgnamhacha ag baint leo;
- tionscadail a bhfuil sé de chuspóir acu saothar rince a fhorbairt i meáin nua.

I measc na dtionscadal ***scannán*** a d'fhéadfaí a bheith ann tá:
- scannáin neamhscéalacha;
- forbairt smaointe le scríbhneoirí nó le léiritheoirí ag obair ina n-aonar.

I measc na dtionscadal ***litríochta*** a d'fhéadfaí a bheith ann tá:
- iad siúd a ligeann do scríbhneoir

smaointe cruthaitheacha a scrúdú trí mheán na scríbhneoireachta turgnamhaí agus/nó trí bheith ag obair i bpáirt le scríbhneoirí eile, le healaíontóirí i ndisciplíní eile, nó le heagraíochtaí ealaíne;

- iad siúd a úsáideann cur chuige nua chun scríbhneoirí agus a gcuid saothair a chur díreach i láthair léiritheoirí nó a úsáideann meascán de mhodhanna traidisiúnta agus nuálaíocha, lena n-áirítear tionscadail ghréasán-bhunaithe m.sh.,
  - foilsiú digiteach turgnamhach d'ardchaighdeán, lena n-áirítear;
  - comhpháirtíochtaí trasnáisiúnta idir scríbhneoirí agus ealaíontóirí digiteacha;
  - tionscnaimh ar líne chun pobal léitheoireachta a fhorbairt m.sh. clubanna leabhar ar líne 'scríbhneoirí cónaithe';
- tionscnaimh a mbíonn tograí forbartha léitheoirí i gceist iontu i gcomhthéacsanna cuí: i dtimpeallacht leabhar (m.sh. leabharlanna, scoileanna, siopaí leabhar agus in áiteanna eile ina mbeadh fáil ag na rannpháirtithe ar leabhair) nó in áiteanna a bhféadfaí le daoine/scríbhneoirí oilte na tionscadail a reáchtáil thar thréimhsí fada.

Ní dhéanfar measúnú ar thograí litríochta de na saghsanna seo a leanas:

- tograí litríochta atá dírithe go príomha ar fhoghlaim teanga, ar an litearthacht aosach nó ar phobail oideachais agus acadúla.
- iarratais ó scríbhneoirí atá ag lorg maoiniú chun oibriú ar úrscéal ar leith, cnuasach filíochta, píosa eile scríbhneoireachta criticiúil nó cruthaitheach srl. Déan tagairt le do thoil don Dámhachtain Sparánachta.

I measc na dtionscadal ***Ceoil*** a d'fhéadfaí a bheith ann tá:

- iad siúd ina mbíonn saothar nua á fhorbairt ag cumadóir aonair, nó ag cumadóir i gcomhpháirt le healaíontóirí eile a shaothraíonn an ceol nó foirmeacha ealaíne eile;
- atá dírithe ar choirmeacha nó saothair nua a chur i láthair;
- atá turgnamhach nó tobchumtha;
- a chomhtháthaíonn roinnt réimsí oibre (m.sh., cumadóireacht, ceardlannaíocht, cláir oideachasúla, léiriúchán, taifeadadh srl.).

Sa cheol, ní dhéanfar measúnú ar thionscadail taifeadta a sheasann ina n-aonar faoin dámhachtain seo.

I measc na dtionscadal ***ceoldráma*** a d'fhéadfaí a bheith ann tá:

- cinn ina bhforbraítear saothar nua le cumadóirí/leabhrógaithe /stiúrthóirí/ taibheoirí i bpáirt le foirmeacha ealaíne eile, de réir mar is cuí;
- a thacaíonn leis an gceoldráma turgnamhach nó le tionscnaimh thurgnamhacha sa téatar ceoil.

Sna ***healaíona rannpháirteachais***, lena n-áirítear ealaíona na hóige, ealaíona sna scoileanna, ealaíona sa chóras sláinte agus ealaíona lucht míchumais:

- comhpháirtíochtaí ina n-oibríonn ealaíontóirí nó eagraíochtaí ealaíne le heagraíochtaí eile nó leis an bpobal chun obair nua a chur ar fáil
  - a fhorleathnaíonn teorainneacha an chleachtais ealaíne;
  - a chuireann samhlacha forásacha ar fáil don fhoghlaim agus don chruthaitheacht, agus don chultúr agus don tsochaí;
  - a ceapadh chun tionchar fadtéarmach nó inbhuanaithe a bheith acu ar scileanna ealaíne agus ar uaillmhianta daoine agus ar bheartas;
  - a bheadh, dá mb'fhéidir, céim taighde agus forbartha i gceist ann, chomh maith le traenáil nó tacaí d'ealaíontóirí agus d'eochair-oibrithe (m.sh. múinteoirí nó oibrithe óige); tacaíocht don mheasúnú agus don mhachnamh; comhpháirtíochtaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus foinsí tacaíochta a dheimhníonn caidreamh ardchaighdeáin le healaíontóirí oilte;
  - ina mbeadh comhaontuithe déanta le gach chomhpháirtí maidir lena rannpháirteachas agus a gcion den tionscadal, agus conas a fhreastalaíonn an obair ar a riachtanais nó ar a mbeartais;
  - a chloíonn leis na prionsabail a imlínítear sna *Treoirlínte Ealaíontóirí~Scoileanna* (a d'fhoilsigh an Chomhairle Ealaíon i mí na Bealtaine 2006), maidir le tionscnaimh ealaíne sna scoileanna.

I measc na dtionscadal ***amharclannaíochta*** a d'fhéadfaí a bheith ann tá:

- a dhéanann saothar stáitse úrnua a fhorbairt nó a léiriú le healaíontóirí amharclannaíochta aonair nó trí chomhpháirtíochtaí idir compántais ad hoc nó trí chomhpháirtíochtaí ildisciplíneacha nó trí eagraíochtaí eile a bhaineann triail as cleachtais oibre úrnua.

Ní dócha go dtabharfar tús áite do thionscadail amharclannaíochta mar seo a leanas:

- drámaí nua nó seandrámaí a fhorbairt nó a léiriú de thoradh ar phróisis traidisiúnta cruthaitheachta, m.sh. ceardlanna nó réamhchleachtaí;
- seiftiú, i gcás gurb é sin an t-aon ghné nua den fhorbairt nó den léiriú;
- léiriúcháin nach bhfuil dóthain foirne acu agus/nó nach dtugann cúram agus luach saothair cheart agus cóir d'ealaíontóirí de réir dea-chleachtais.
- iarratais nach bhfuil buiséid léiriúcháin lánsonraithe in éineacht leo.

I measc na dtionscadal a d'fhéadfaí a bheith sna ***healaíona traidisiúnta*** tá:

- iad siúd a fhorbraíonn saothar nua le healaíontóir aonar nó le grúpa/banna;
- a fhorbraíonn comhthéacsanna nua do shaothar a fuarthas ón repertoire traidisiúnta;

- comhpháirtíochtaí idir ealaíontóirí traidisiúnta agus lucht foirmeacha ealaíne eile;
- tionscadail a úsáideann cur chuige ilghnéitheach (m.sh. taibhléiriú agus cumadóireacht nó craobhscaoileadh nó taifeadadh srl.);
- a úsáideann saineolas ó fhoirmeacha ealaíne eile nó saineolas ealaíontóirí traidisiúnta go hidirnáisiúnta.

I gcás gur éirigh leis an iarratasóir dhá dheontas nó ní ba mhó a fháil faoin scéim *Deis*, seans go molfar dóibh triail a bhaint as ceann de na dámhachtainí san fhillteán seo.

I measc na dtionscadal a d'fhéadfaí a bheith sna ***hamharcealaíona*** tá:

- iad siúd a úsáideann cur chuige imscrúdaitheach chun smaointe a fhorbairt trí thaighde struchtúrtha;
- iad siúd ina dteastaíonn saineolas, teicneolaíocht nó scileanna faoi leith chun an obair taighde/forbartha a dhéanamh. Seans go gcaithfí cearta atáirgthe a cheannach ó chartlanna, ó leabharlanna srl.;
- iad siúd a cheistíonn na coinbhinsiúin bhunaithe nó coinbhinisúin atá ag teacht chun cinn sa chleachtas cruthaitheach, agus a thugann a ndúshlán;
- atá bunaithe ar riachtanais a aithnítear trí thaighde sainiúil coincheapa agus teicniúil.

Cáipéisíocht tacaíochta

Chomh maith le cáipéisíocht tacaíochta a thugann fianaise i leith do shaothair chruthaithigh, caithfidh na rudaí seo a leanas a chur le hiarratais ar son na dámhachtana seo, de réir mar is cuí:

- Cáipéisíocht a imlíníonn/a dheimhníonn na pleananna don togra;
- Amscála/sceideal;
- Fianaise ar fhoinsí eile tacaíochta (má bhaineann le hábhar);
- Tuilleadh sonraí airgeadais agus riaracháin (lena n-áirítear maoiniú agus tacaíocht ó fhoinsí eile a lorgaíodh/atá faighte)
- Cuntas imlíneach ar conas a dhéanfar an tionscadal a mheasúnú;
- Figiúirí lucht féachana/éisteachta
- Comhaontuithe maidir le hionaid tionóil don taibhiú/taispeántas/léiriú (má bhaineann le hábhar);
- Tagairtí do thionscnaimh agus do thionscadail chomhchosúla (más ann dá leithéid).

Féach, le do thoil leathanaigh 6 & 7 ('Cáipéisíocht Tacaíochta') le haghaidh eolais ar an gcáipéisíocht tacaíochta a theastaíonn agus na formáidí ar gá cloí leo nuair a chuirtear isteach na cineálacha cáipéisíochta éagsúla.

Le haghaidh tuilleadh eolais, téigh i dteagmháil le:
T: 01 6180 200
R: projectsnewwork@artscouncil.ie

Seol d'iarratas chuig:
Tionscadail: Dámhachtain Saothair Nua
An Chomhairle Ealaíon
70 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2

Tionscadail: Dámhachtain Aonuaire

Dátaí deiridh: 2 Márta, 5.30i.n.
17 Lúnasa, 5.30i.n.

Cuireann *Tionscadail: Dámhachtain Aonuaire* maoiniú ar fáil le haghaidh tionscnamh agus tionscadal i ngach foirm agus i ngach cleachtas ealaíne a fhorbairt, a dhearadh, a chruthú agus a chur i láthair. Is í bunaidhm na dámhachtana ná cur ar a gcumas do dhaoine agus d'eagraíochtaí tionscadail ar leith a chur i gcrích. Maoineofar léiriúcháin téatair/rince/ceoldráma agus ceolchoirmeacha i ngach seánra ceoil, taispeántas faoi stiúir ealaíontóra/feighlí agus tionscadail agus tionscnaimh ealaíonta i gcomhthéacs.

Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?
Ealaíontóirí, grúpaí ealaíontóirí, eagraíochtaí agus oibrithe gairmiúla ealaíne nó aon chumasc díobh sin.

Cad é nach bhfuil incháilithe?
- Níl eagraíochtaí a fhaigheann Maoiniú Ioncaim sa bhliain 2007, eagraíochtaí le Maoiniú Rialta agus eagraíochtaí a fhaigheann Maoiniú Bliantúil nó Deontais do Chláir Bhliantúla don bhliain 2008 nó níos faide ar aghaidh i dteideal iarratas a dhéanamh,
- Costais chaipitiúla;
- Tograí a oireann níos fearr do chláir mhaoinithe eile de chuid na Comhairle Ealaíon nó do scéimeanna a thairgeann an Chomhairle Ealaíon i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí/eagraíochtaí eile;
- Tionscadail atá curtha i gcrích cheana féin;
- Tionscadail Ghaeilge a fhaigheann maoiniú ó Ealaín na Gaeltachta.

Critéir
Chomh maith leis na critéir a imlínítear ar leathanach 8, cuirtear san áireamh fianaise i leith:
- Caithfidh CV na foirne a sholáthar leis na hiarratais mar aon le mionphleananna agus buiséid léiriúcháin, de réir mar is cuí;
- Caithfidh iarratasóirí a léiriú go bhfuil íocaíocht agus coinníollacha oibre cearta agus córa ar fáil do gach comhpháirtí.

Cad é luach na dámhachtana?
Bronnfar suimeanna de réir scála agus uaillmhian an tionscadail/togra. Is dócha go mbronnfar suimeanna sa raon €10,000 go €100,000. Déanfar buiséad gach togra a mheas de réir scála agus costais an tionscadail.

Treoirlínte maidir le foirmeacha agus cleachtais ealaíne
Tá comhairle sna treoirlínte seo thíos i dtaobh na gcineálacha tionscadail a d'fhéadfaí a mhaoiniú faoin dámhachtain seo i ngach foirm agus cleachtadh ealaíne.

I measc na dtionscadal ***ailtireachta*** a d'fhéadfaí a bheith ann tá:
- toradh nithiúil intadhaill a bheith air m.sh. foilseachán, taispeántas agus/nó tógáil foirgnimh;
- a dhéanann smaointe agus teoiricí i dtaobh na hailtireachta, nó saothair thógtha, a athshamhlú nó a léirmhíniú ar shlí úrnua shainiúil d'fhonn saothar nua a chur ar fáil.

Ní ghlacfar le hiarratais ailtireachta ar son tograí atá á dtógáil nó á bhforbairt cheana féin mar chuid de scéim eile tógála nó de phróiseas soláthair eile.

I measc na dtionscadal a d'fhéadfaí a mhaoiniú i réimse ***an tsorcais, na sráidealaíne agus seónna*** tá:
- iad siúd a chabhraíonn le healaíontóirí agus le heagraíochtaí saothar a chruthú ag leibhéal agus ar scála a oireann dá n-uaillmhianta ealaíne;
- iad siúd a éascaíonn foghlaim an duine aonair, trí chaidrimh oibre nua a chruthú le dreamanna laistigh agus lasmuigh de na foirmeacha ealaíne seo;
- iad siúl a chuireann ar a gcumas do na faighteoirí a bpoitéinseal ealaíne a léiriú agus saothar a chruthú a bhfuil dóthain maoiniú ar a chúl.

Glacfar le hiarratais ó raon iarratasóirí, idir thionscnóirí móra agus ealaíontóirí aonair. Caithfidh iarratasóirí a gcuspóirí ealaíne a shonrú go soiléir agus a mhíniú conas a bhainfear iad amach.

I measc na dtionscadal ***rince*** a d'fhéadfaí a bheith ann tá:
- iad siúd ina gcuireann ealaíontóirí rince saothar nua ar fáil;
- iarratais ó ealaíontóirí rince atá ag teacht chun cinn agus a bhfuil, ar a laghad, taithí dhá bhliain acu ar an rince gairmiúil. Bronnfar suimeanna chomh hard le €20,000 orthu sin;
- iarratais ó ealaíontóirí rince atá i lár a saoil oibre agus a bhfuil taithí chúig bliana nó níos mó acu ar an rince gairmiúil.

Is féidir le hiarratasóirí atá i lár a saoil oibre an t-uasmhéid a lorg. Tabharfar tús áite do na hiarratais sin a thacóidh le healaíontóirí rince. Tabharfar tús áite freisin do choinníollacha oibre agus íocaíochta freisin. Déanfar na hiarratais a mheas de réir fiúntas ealaíne, teist an ealaíontóra (na n-ealaíontóirí) agus féidearthacht. Caithfear mionbhuiséid a chur ar fáil.

I measc na dtionscadal ***scannán*** a d'fhéadfaí a bheith ann tá:
- tionscadail turgnamhacha a mbeadh sé deacair maoiniú a fháil ar a son ó ghníomhaireachtaí nó ó chraoltóirí eile.

I measc na dtionscadal ***litríochta*** a d'fhéadfaí a bheith ann tá:
- iad siúd a chuireann ar a chumas don scríbhneoir smaointe cruthaitheacha a shaothrú le go mbeidh toradh fisiciúil nithiúil ar an obair m.sh. foilseachán nó taibhléiriú a bhaineann le himeacht éigin nó le sraith imeachtaí nó le féile;
- 'leabhair ealaíne' aonuaire d'ardchaighdeán a chur ar fáil m.sh. comhshaothair idir scríbhneoir(í) agus amharcealaíontóir(í).

Ní dhéanfar measúnú ar thograí litríochta de na saghsanna seo a leanas:

- iarratais ó scríbhneoirí atá ag lorg maoiniú chun oibriú ar úrscéal ar leith, cnuasach filíochta, píosa eile scríbhneoireachta criticiúil nó cruthaitheach srl. Déan tagairt le do thoil don *Dámhachtain Sparánachta*.

I measc na dtionscadal ***Ceoil*** a d'fhéadfaí a bheith ann tá:

- iad siúd atá dírithe ar thaibhléiriú (ceolchoirmeacha, sraitheanna, camchuairteanna) agus ar shaothair cheoil nach bhfuil cur amach ag an lucht éisteachta orthu agus ar eispéireas faoi leith a chur ar fáil, mar shampla:
  - saothair le mórchumadóirí eachtrannacha nach seinntear go minic in Éirinn;
  - saothair Éireannacha a sheinm don 'dara huair';
  - saothair le seanchumadóirí a ndearnadh faillí orthu (idir Éireannach agus idirnáisiúnta);
- an ceol a thabhairt isteach i gcomhthéacsanna nua nó a chur i láthair lucht féachana nua agus forbairt a dhéanamh ar na slite ina gcuirtear ceol i láthair daoine.

I measc na dtionscadal ***ceoldráma*** a d'fhéadfaí a bheith ann tá:

- léiriúcháin cheoldráma a iomlánaíonn raon na gceoldrámaí lena dtacaíonn an Chomhairle Ealaíon (m.sh. ceoldrámaí tábhachtacha den repertoire nach léirítear in Éirinn go minic, an ceoldráma comhaimseartha más féidir cás láidir a dhéanamh ar son a léirithe);
- an ceoldráma a thabhairt isteach i gcomhthéacsanna nua nó a chur i láthair lucht féachana nua agus forbairt a dhéanamh ar na slite ina gcuirtear ceoldráma i láthair daoine.

Sna ***healaíona rannpháirteachais,*** lena n-áirítear ealaíona na hóige, ealaíona sna scoileanna, ealaíona sa chóras sláinte agus ealaíona lucht míchumais:

- comhpháirtíochtaí ina n-oibríonn ealaíontóirí nó eagraíochtaí ealaíne le heagraíochtaí eile nó leis an bpobal chun obair nua a chur ar fáil
  - a ceapadh chun tionchar fadtéarmach nó inbhuanaithe a bheith acu ar scileanna ealaíne agus ar uaillmhianta daoine agus ar bheartas;
  - a mbeadh, dá mb'fhéidir, céim taighde agus forbartha i gceist ann, chomh maith le traenáil nó tacaí d'ealaíontóirí agus d'eochair-oibrithe (m.sh. múinteoirí nó oibrithe óige); tacaíocht don mheasúnú agus don mhachnamh; comhpháirtíochtaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus foinsí tacaíochta a dheimhníonn caidreamh ardchaighdeáin le healaíontóirí oilte;
  - ina mbeadh comhaontuithe déanta le gach chomhpháirtí maidir lena rannpháirteachas agus a gcion den tionscadal, agus conas a fhreastalaíonn an obair ar a riachtanais nó ar a mbeartais;
  - a chloíonn leis na prionsabail a imlínítear sna Treoirlínte Ealaíontóirí~Scoileanna (a d'fhoilsigh an Chomhairle Ealaíon i mí na Bealtaine 2006), maidir le tionscnaimh ealaíne sna scoileanna.

I measc na dtionscadal ***amharclannaíochta*** a d'fhéadfaí a bheith ann tá:

- iarratais ó chleachtóirí gairmiúla atá ag obair le tréimhse nach faide ná cúig bliana agus ar mian leo dráma a léiriú ó théacs dá bhfuil ann. Bronnfar suimeanna chomh mór le €15,000 orthu seo chun tacú leis an léiriú (m.sh. ealaíontóir amharclannaíochta aitheanta a fhostú mar aisteoir, mar stiúrthóir nó mar dhearthóir; cearta léirithe a cheannach; cíos an ionaid tionóil; costais mhargaíochta);
  - baineann teorainneacha le cleachtóirí, is féidir le compántais nua ó ealaíontóirí atá i lár a saoil oibre iarratas a dhéanamh thíos
- iarratais ó chleachtóirí gairmiúla atá i lár a saoil oibre agus atá ag cleachtadh ar feadh tréimhse níos faide ná cúig bliana. Bronnfar na dámhachtainí seo thar thrí cinn de scála léiriúcháin, €25,000; €60,000 agus os cionn €70,000. Ar na saothair a d'fhéadfadh a bheith i gceist tá:
  - léiriúcháin amharclannaíochta de gach cineál, idir théacsanna nua agus téacsanna dá bhfuil ann, amharclanníocht físe agus/nó seiftithe;
  - iarratais ó ealaíontóir amharclannaíochta atá i lár a shaoil oibre, nó ó ghrúpa díobh.

Déanfar gach iarratas a mheasúnú de réir chaighdeáin ealaíonta an togra, teist na foirne, féidearthacht an tionscadail; agus beidh sé de chuspóir againn cistí a dháileadh thar na scálaí léiriúcháin éagsúla.

Ní dócha go dtabharfar tús áite do thionscadail amharclannaíochta mar seo a leanas:

- drámaí seiftithe nó léiriúcháin nuascríofa le cleachtóirí atá ag teacht chun cinn;
- léiriúcháin nach bhfuil dóthain foirne acu agus/nó nach dtugann cúram agus luach saothair cheart agus cóir d'ealaíontóirí de réir dea-chleachtais.
- iarratais nach bhfuil buiséid léiriúcháin lánsonraithe in ábhair thacaíochta in éineacht leo;
- léiriúcháin amharclannaíochta amaitéaracha.

I measc na dtionscadal a d'fhéadfaí a bheith sna ***healaíona traidisiúnta*** tá:

- iad siúd a bhaineann le dáta tábhachtach i stair na n-ealaíon traidisiúnta;
- atá dírithe ar thaibhléiriú (m.sh. ceolchoirmeacha, camchuairteanna);
- a mbíonn toradh nithiúil orthu (m.sh., taifeadadh, foilseachán);
- a fhorbraíonn bonneagar na n-ealaíon traidisiúnta;
- a fhorbraíonn pobail féachana/éisteachta i gcomhair na n-ealaíon traidisiúnta.

I gcás gur éirigh leis an iarratasóir dhá dheontas nó ní ba mhó a fháil faoin scéim Deis, seans go molfar dóibh triail a bhaint as ceann de na dámhachtainí san fhillteán seo.

I measc na dtionscadal a d'fhéadfaí a bheith sna ***hamharcealaíona*** tá:

- iad siúd a scrúdaíonn modhanna taispeána, conas saothar a chur i láthair nó a chur i láthair in athuair, agus na coinbhinsiúin a bhaineann le taispeántas;
- a bhfuil cur chuige sraitheach nó próiseas-bhunaithe i gceist ann a thiteann amach thar thréimhse ama.

Cáipéisíocht tacaíochta

Chomh maith le cáipéisíocht tacaíochta a thugann fianaise i leith do shaothair chruthaithigh, caithfear na rudaí seo a leanas a chur le hiarratais ar son na dámhachtana seo, de réir mar is cuí:

- Cáipéisíocht a imlíníonn/a dheimhníonn na pleananna don togra;
- Amscála/sceideal;
- Fianaise ar fhoinsí eile tacaíochta (má bhaineann le hábhar);
- Tuilleadh sonraí airgeadais agus riaracháin (lena n-áirítear maoiniú agus tacaíocht ó fhoinsí eile a lorgaíodh/atá faighte)
- Cuntas imlíneach ar conas a dhéanfar an tionscadal a mheasúnú;
- Figiúirí lucht féachana/éisteachta;
- Comhaontuithe maidir le hionaid tionóil don taibhiú/taispeántas/léiriú (má bhaineann le hábhar);
- Tagairtí do thionscnaimh agus do thionscadail chomhchosúla (más ann dá leithéid).

Féach, le do thoil leathanaigh 6 & 7 ('Cáipéisíocht Tacaíochta') le haghaidh eolais ar an gcáipéisíocht tacaíochta a theastaíonn agus na formáidí ar gá cloí leo nuair a chuirtear isteach na cineálacha cáipéisíochta éagsúla.

Le haghaidh tuilleadh eolais, téigh i dteagmháil le:

T: 01 6180 200
R: projectsonceoff@artscouncil.ie

Seol d'iarratas chuig:

Tionscadail: Dámhachtain Aonuaire
An Chomhairle Ealaíon
70 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2

Dámhachtain Coimisiún

Dátaí deiridh: 23 Márta, 5.30i.n.
21 Meán Fómhair, 5.30i.n.

Is í aidhm na *Dámhachtana Coimisiún* ná comhpháirtíochtaí cruthaitheacha a spreagadh idir raon leathan coimisinéirí agus ealaíontóirí. Cuireann sí deiseanna luachmhara comhoibre ar fáil d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí. Is é ár sainmhíniú ar an ní is Coimisiún ann: "Nuair a iarrann duine nó dream ar dhuine nó ar dhream eile saothar nua ealaíne a chruthú nó saothar repertoire a athnuachan, agus nuair a bhíonn na torthaí cruthaitheacha á rialú ag an ealaíontóir (na healaíontóirí) coimisiúnaithe'. Déanfar obair an choimisiúin thar thréimhse shonraithe agus is é an toradh a bheidh air ná go ndéanfar an saothar coimisiúnaithe a thaibhléiriú/a fhoilsiú/a thaispeáint nó a chraobhscaoileadh ar shlí éigin eile in Éirinn nó thar lear. Is í aidhm na dámhachtana ná cruthú saothair nua a chothú, moltaí spreagúla ar son athnuachana an repertoire a chothú agus gréasáin agus caidrimh ealaíne a fhorbairt idir ealaíontóirí agus coimisinéirí. Tá sé d'aidhm aici freisin cineálacha nua coimisinéirí a chothú agus tuilleadh éagsúlachta a chur chun cinn maidir le deiseanna d'ealaíontóirí.

Tabhair faoi deara go mbaineann an critéar cónaitheachta (féach leathanach 8) don dámhachtain seo leis an gcoimisinéir nó leis an ealaíontóir coimisiúnaithe. Mar shampla, is féidir le hensemble Gearmánach coimisiúnú a dhéanamh ar ealaíontóir Éireannach nó is féidir le compántas amharclannaíochta Éireannach coimisiúnú a dhéanamh ar scríbhneoir anall ón bhFrainc.

Cé atá i dteideal coimisiúnú?
- Ealaíontóirí;
- Ensembles;
- Daoine Aonair;
- Eagraíochtaí ealaíne;
- Gníomhaireachtaí de chuid na hearnála poiblí agus eile;
- Nó aon chumasc de na dreamanna thuasluaite.

Cé atá i dteideal coimisiún a fháil?
Tabharfar coimisiúin d'ealaíontóirí aonair nó do ghrúpa ealaíontóirí. Níl aon teorainn le líon na gcoimisiún is féidir leis an gcoimisinéir iarratas a dhéanamh ar a son, fad is go mbíonn ealaíontóirí éagsúla páirteach.

Cad é nach bhfuil incháilithe?
- Tograí a fhaigheann maoiniú ón gComhairle Ealaíon cheana féin .i. tograí nach bhfuil iontu ach athfhriotal ar shaothar atá ar siúl ag an eagraíocht cheana féin nó riarachán leanúnach:
- Costais chaipitiúla;
- Ealaíontóirí ar mian leo iad féin a choimisiúnú;
- Tograí a oireann níos fearr do chláir mhaoinithe eile de chuid na Comhairle Ealaíon nó do scéimeanna a thairgeann an Chomhairle Ealaíon i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí/heagraíochtaí eile;
- Coimisiúin atá curtha i gcrích cheana féin nó a bhfuil an táille a bhí ag gabháil leo íoctha cheana féin;
- Tionscadail Ghaeilge a fhaigheann maoiniú ó Ealaín na Gaeltachta.

Critéir
Chomh maith leis na critéir a imlínítear ar leathanach 8, cuirtear san áireamh fianaise i leith:
- Caithfidh na tograí saothar nua a chothú, cineálacha nua coimisinéirí a spreagadh nó moltaí spreagúla ar son athnuachana an repertoire a chothú;
- Caithfidh teist nó poitéinseal an ealaíontóra, an choimisinéara agus an taibhléiritheora atá le coimisiúnú a thaispeáint;
- Féidearthacht an choimisiúin i bhfianaise na n-acmhainní go léir atá faighte nó atá geallta; foinsí eile maoinithe a bheith le fáil ar son an tionscadail agus leibhéal na tuilleamaí ar an gComhairle Ealaíon;
- Caithfidh CV na foirne a sholáthar leis na hiarratais mar aon le mionphleananna agus buiséid léiriúcháin, de réir mar is cuí;
- Táille chuí a bheith le fáil ag an ealaíontóir (na healaíontóirí);
- Fianaise go bhfuiltear ag forbairt líonraí agus caidreamh ealaíne (idir ealaíontóirí agus coimisinéirí);
- An éagsúlacht a chur chun cinn maidir leis na deiseanna atá le fáil ag ealaíontóirí;
- Fianaise ar conas a sháraíonn an coimisiún teorainneacha laistigh d'fhoirm ealaíne agus/nó idir foirmeacha ealaíne éagsúla;
- Caighdeán na bpleananna ar son próisis chomhoibrithigh idir an coimisinéir agus an t-ealaíontóir (na healaíontóirí) coimisiúnaithe maidir le toradh an choimisiúin a chraobhscaoileadh go poiblí;
- An dóchúlachta go mbeidh saol fada ag an saothar;
- Caighdeán na comhpháirtíochta - tá tábhacht ar leith leis an ngné seo maidir le coimisiúin trasnáisiúnta.

Coinníollacha a bhaineann le Dámhachtain Coimisiún
- Ní chlúdaíonn na dámhachtainí ach táillí an ealaíontóra (na n-ealaíontóirí) agus bíonn an dámhachtain iníoctha go díreach leis an ealaíontóir (ealaíontóirí) atá coimisiúnaithe;
- Caithfidh an coimisinéir nó an t-ealaíontóir (na healaíontóirí) coimisiúnaithe na critéir chónaitheachta a imlínítear ar leathanach 8 den fhoilseachán seo a chomhlíonadh;
- Ní mór don dá pháirtí tuairisc a chur ar fáil don Chomhairle Ealaíon nuair a bheidh an coimisiún curtha i gcrích;
- Déanfar, de bharr an choimisiúin, an saothar a thaibhléiriú, a fhoilsiú, a chur ar taispeántas, a shuiteáil nó a chraobhscaoileadh ar shlí éigin eile, uair amháin ar a laghad nó, i gcásanna áirithe, tabharfar an saothar go dtí céim inar féidir taibhléiriú craobhscaoileadh a shamhlú. Féadann sé seo tarlú in Éirinn nó i dtír éigin thar sáile;

- I gcás na gcoimisiún ceoil, caithfear an scór ceoil a chur i mbailiúcháin Ionad an Cheoil Chomhaimseartha;
- I gcás na gcoimisiún a bhaineann le litríocht na Gaeilge, caithfidh iarratasóirí sonraí a chur ar fáil faoin maoiniú a lorgaíodh nó a fuarthas ar son an choimisiúin ó Bhord na Leabhar Gaeilge nó ó Fhoras na Gaeilge.

Cad é luach na dámhachtana?
Is dócha go mbronnfar dámhachtainí de luach idir €1,000 agus €10,000. I gcúinsí áirithe d'fhéadfaí go mbronnfaí dámhachtain ní b'airde. Ní mór do na Coimisinéirí féin gach costas riaracháin agus léiriúcháin a chlúdach. Ní chlúdaíonn Dámhachtain Choimisiúin de chuid na Comhairle Ealaíon ach costais iomlána na táille coimisiúnaithe.
Nóta: Cé go bhfuil iallach ar gach coimisinéir infheistiú sa choimisiún, caithfidh comhlachtaí tráchtála a thaispeáint go ndearnadh infheistíocht shuntasach airgid sa dámhachtain choimisiúin agus ní mór go mbeadh deiseanna samhlaíocha don ealaíontóir (nó do na healaíontóirí) sa togra a chuireann siad ar fáil.

Treoirlínte maidir le foirmeacha agus cleachtais ealaíne
Tá comhairle sna treoirlínte seo thíos i dtaobh na gcineálacha tionscadail a d'fhéadfaí a mhaoiniú faoin dámhachtain seo i ngach foirm agus cleachtadh ealaíne.

I measc na dtionscadal ***ailtireachta*** a d'fhéadfaí a choimisiúnú tá:
- bunsaothar nua a choimisiúnú ó ailtire nó ó ailtirí a mbeidh toradh nithiúil, fisiciúil air, (mar shampla, foilseachán, taispeántas, foirgneamh tógtha nó toradh eile) atá oiriúnach don smaoineamh;
- an ailtireacht a chur i láthair pobail féachana nua agus é a bheith de chuspóir acu deis a thabhairt don phobal dul i ngleic leis an ailtireacht agus a dtuiscint ina leith a mhéadú. Ba chóir do thograí a léiriú conas mar a láimhseáiltear bainistíocht fhadtéarmach, agus rochtain ar an obair.

I measc na dtionscadal a d'fhéadfaí a mhaoiniú i réimse *an tsorcais, na sráidealaíne agus seónna* tá:
- tograí a mholann modhanna nua oibre le comhpháirtithe laistigh agus lasmuigh den fhoirm ealaíne, chun saothar ardchaighdeáin a chruthú a thugann dúshlán na rannpháirtithe;
- tograí a sholáthraíonn samhlacha oibre nua maidir le sárchaighdeáin laistigh de na pobail ealaíne seo;
- tograí a neartaíonn comhpháirtíochtaí dá bhfuil ann nó a chruthaíonn comhpháirtíochtaí nua idir chinn náisiúnta agus idirnáisiúnta agus a léiríonn cumas na bhfoirmeacha ealaíne atá i gceist.

I measc na dtionscadal ***rince*** a d'fhéadfaí a choimisiúnú tá:
- tograí a chumasaíonn cruthú saothair nua ó ealaíontóirí rince le teist nó cumas cruthaithe;
- saothar nua a choimisiúnú ó ealaíontóir nó ó ealaíontóirí go sonrach le haghaidh taibhléiriú atá difriúil ón ngnáthchaidreamh coimisiúnaithe.

I measc na dtionscadal ***scannáin*** a d'fhéadfaí a choimisiúnú tá:
- smaointe agus coimisiúin nua a fhiosrú a chuireann saothar coimisiúnaithe ar fáil mar shaothar iomlán ann féin (m.sh. stiúrthóir scannán ag coimisiúnú cumadóra chun scór ceoil a chumadh le haghaidh scannáin nó ag coimisiúnú ealaíontóra chun clár scéil a chruthú).

I measc na dtionscadal ***litríochta*** a d'fhéadfaí a choimisiúnú tá:
- iad siúd a chuireann ar a chumas d'ealaíontóir(í), d'eagraíocht ealaíne nó do ghníomhaireacht scríbhneoir a choimisiúnú chun saothar nua (dán, scéal, sliocht as téacs) le haghaidh a chóiriú i bhformáidí cruthaitheacha nua m.sh.,
  - neamhspleách ar theorainneacha fisiciúla nó téacsúla an leabhair .i. taibhléiriú/seachadadh béil nó taifeadadh;
  - foilsiú agus craoladh ilmheán;
  - saothar a scríobh ag freagairt do shaothar ealaíne eile nó a bheidh ina chuid de shaothar nua ildisciplíneach nó a chuimsíonn roinnt foirmeacha ealaíne.
- a chur ar a chumas d'fhoilsitheoir nó d'eagraíocht ealaíne (ag a bhfuil dea-theist maidir le dáileadh leabhar go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta) scríbhneoir, eagarthóir nó léirmheastóir a choimisiúnú chun cnuasach eisceachtúil a thiomsú de shaothair le scríbhneoirí atá aitheanta nó a bhfuil gealladh fúthu, d'fhonn pobail léitheoireachta a mhéadú i gcomhair saothar le scríbhneoirí agus le filí beo.

Ní dhéanfar measúnú ar thograí litríochta de na saghsanna seo a leanas:
- tograí litríochta atá dírithe go príomha ar fhoghlaim teanga, ar an litearthacht aosach nó ar phobail oideachais agus acadúla.
- iarratais ó scríbhneoirí atá ag lorg maoiniú chun oibriú ar úrscéal ar leith, cnuasach filíochta, píosa eile scríbhneoireachta criticiúla nó cruthaithí srl. Déan tagairt le do thoil don Dámhachtain Sparánachta.

I measc na dtionscadal ***ceoil*** a d'fhéadfaí a choimisiúnú tá:
- taibheoirí aonair/ensembles a choimisiúnaíonn cumadóir(í) chun saothar a chumadh do thaibhléiriú (taibhléirithe) faoi leith;
- tionscnóirí, ionaid tionóil nó féilte a dhéanann coimisiúnú ar oibreacha i gcomhair ealaíontóirí Éireannacha nó idirnáisiúnta chun taibhiú ag a gcuid imeachtaí;
- saothair leictreonacha, 'ealaín fuaime' nó suiteála a choimisiúnú nach scórtha ceoil iad;
- saothair a choimisiúnú trína gcothaítear slite nua turgnamhacha chun ceol a chumadh.

I measc na dtionscadal ***ceoldráma*** a d'fhéadfaí a choimisiúnú tá:
- iad siúd ina dtugann léiritheoir coimisiún do chumadóirí/leabhrógaí chun saothar a chumadh le haghaidh taibhléiriú ar leith
  - in Éirinn nó thar sáile;

- iad siúd ina dtugann léiritheoir coimisiún do chumadóir/cóiritheoir/leabhrógraí chun ceoldrámaí dá bhfuil ann a léirmhíniú as an nua le haghaidh dálaí taibhléiriúcháin faoi leith, chun saothair repertoire atá tábhachtach ó thaobh na staire nó a ndearnadh faillí orthu a nuashonrú nó saothar dá bhfuil ann a athchruthú go húrnua);
- aistriúchán/leagan nua a chur ar fáil de théacs ceoldráma.

Seo a leanas cuid de na tionscadail a d'fhéadfaí a choimisiúnú sna ***healaíona rannpháirteachais***, lena n-áirítear ealaíona óige, ealaíona sna scoileanna, ealaíona sa chóras sláinte agus ealaíona lucht míchumais:

- Iad siúd ina mbíonn ealaíontóirí oilte ag comhobair le daoine mar seo a leanas:
  - saothar nua a choimisiúnú a mbeidh ardleibhéil idirghníomhaíochta leis an lucht féachana/éisteachta ann;
  - coimisiún i gcomhthéacs 'ealaíne óige', ealaíona sna scoileanna, na healaíona rannpháirteachais, na healaíona i gcúram sláinte, na healaíona agus míchumas nó coimisiúin a bhaineann le pobail níos leithne (lena n-áirítear eagraíochtaí, clubanna nó cumainn);
  - coimisiún a bhfuil sé d'aidhm aige scileanna ealaíne daoine a fhorbairt de thoradh ar chomhobair, agus ealaíontóir(í) oilte a bheith ann chun an chomhobair sin a éascú nó a chumasú.

Maidir leis na healaíona rannpháirteachais, ní ghlacfar le hiarratais atá dírithe ar theiripe ealaíne seachas ar chleachtadh na healaíne.

I measc na ***dtionscadal amharclannaíochta*** a d'fhéadfaí a choimisiúnú tá:

- scríbhneoir a choimisiúnú chun dráma nua a scríobh nó saothar litríochta a chur in oiriúint don stáitse;
- cumadóir nó ealaíontóir fuaime a choimisiúnú chun ceol nua nó fuaimdhreach a chruthú don stáitse.

Maidir leis an amharclannaíocht de, tabharfar tús áite d'iarratais (ó gach cineál coimisinéir) chun scríbhneoirí agus cumadóirí oilte a choimisiúnú ach déanfar measúnú freisin ar iarratais ó eagraíochtaí amharclannaíochta a bhfuil dea-theist orthu maidir le saothar nua a choimisiúnú agus ar mian leo scríbhneoirí agus cumadóirí atá ag teacht chun cinn a choimisiúnú.

I gcás tograí amharclainne i gcomhair tiomsú ceoil agus/nó maisíochtaí fuaime atá in úsáid sa ghnáthchleachtas traidisiúnta, ná cibé costas a bheadh ar an gcoimisinéir as seiftiú, ceardlanna, léitheoireacht nó léiriú más amhlaidh a d'fhéadfaí maoiniú a lorg faoi chlár maoinithe eile; ní mheasfar iad faoin dámhachtain seo.

I measc na dtionscadal a d'fhéadfaí a choimisiúnú sna ***healaíona traidisiúnta*** tá:

- iad siúd ina dtugann duine aonair, grúpa/banna, eagraíocht, tionscnóir, ionad tionóil nó féile coimisiún d'ealaíontóir a bhfuil sé de chumas cruthaithe aige/aici nó a bhfuil sé de phoitéinseal aige/aici saothar úrnua nó saothar a eascraíonn as an repertoire traidisiúnta a chumadh;
- saothar a choimisiúnú chun a thaibhléiriú ag ealaíontóir aonair nó ag ensemble éigin. D'fhéadfadh ealaíontóirí aitheanta a bheith i gceist, ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn agus/nó ealaíontóirí óga;
- comhobair idir ealaíontóirí traidisiúnta agus lucht foirmeacha ealaíne eile;
- comhobair idir ealaíontóiri Éireannacha agus ealaíontóirí eachtracha chun saothar a chruthú;
- saothar nua a choimisiúnú le haghaidh a thaibhléiriú in Éirinn nó thar sáile.

I gcás gur éirigh leis an iarratasóir dhá dheontas nó ní ba mhó a fháil faoin scéim Deis, seans go molfar dóibh triail a bhaint as ceann de na dámhachtainí san fhillteán seo.

I measc na dtionscadal a d'fhéadfaí a choimisiúnú sna ***hamharcealaíona*** tá:

- iarratais choimisiúnaithe ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí;
- deiseanna faoi leith a chruthú a ligeann do dhaoine a bheith ag comhobair i ngrúpaí éagsúla chun saothar cruthaitheach a chur ar fáil;
- a bhaineann le cleachtais chruthaitheacha comhaimseartha ar leith maidir le modhanna dáilte agus craobhscaoilte atá feiliúnach i gcomhair uaillmhianta an choimisiúin.

Cáipéisíocht tacaíochta

Chomh maith le cáipéisíocht tacaíochta a thugann fianaise i leith do shaothair chruthaithigh, caithfear na rudaí seo a leanas a chur le hiarratais ar son na dámhachtana seo:

- Eolas faoin gcomhlacht coimisiúnaithe;
- Cáipéisíocht a imlíníonn/a dheimhníonn na pleananna don togra;
- Amscála/sceideal;
- Fianaise ar fhoinsí eile tacaíochta (má bhaineann le hábhar);
- Tuilleadh sonraí airgeadais agus riaracháin (lena n-áirítear maoiniú agus tacaíocht ó fhoinsí eile a lorgaíodh/atá faighte)
- Cuntas imlíneach ar conas a dhéanfar an tionscadal a mheasúnú;
- Fianaise ar an bpróiseas comhoibritheach (má bhaineann le hábhar);
- Figiúirí lucht féachana/éisteachta (má bhaineann le hábhar);
- Comhaontaithe maidir le hionaid tionóil don léiriú/taispeántas/léiriúchán (má bhaineann le hábhar);
- Tagairtí do thionscnaimh agus do thionscadail chomhchosúla (más ann dá leithéid);
- Sceideal íocaíochta;
- Sochar do chleachtadh na n-ealaíon agus d'ealaíontóirí in Éirinn.

Féach, le do thoil leathanaigh 6 & 7 ('Cáipéisíocht Tacaíochta') le haghaidh eolais ar an gcáipéisíocht tacaíochta a theastaíonn agus na formáidí ar gá cloí leo nuair a chuirtear isteach na cineálacha cáipéisíochta éagsúla.

Le haghaidh tuilleadh eolais, téigh i dteagmháil le:
T: 01 6180 200
R: commissions@artscouncil.ie

Seol d'iarratas chuig:
Dámhachtain Coimisiún
An Chomhairle Ealaíon
70 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2

Comhaltacht Location One

Dáta deiridh: 23 Feabhra, 5.30i.n.

Is í an Institiúid Chultúrtha Ghael-Mheiriceánach a riarann an dámhachtain seo, ar son na Comhairle Ealaíon. Comhaltacht bhliantúil amháin atá á tairiscint, chun spás stiúideo a sholáthar ar feadh 10 mí ag Location One, Nua Eabhrac ó Mheán Fómhair 2007 go Meitheamh 2008. Clúdaíonn an dámhachtain seo costais lóistín agus lamháltas míosúil $2,000.

Cúlra
Ionad ealaíne neamhbhrabúsach is ea Location One a bhfuil sé de chuspóir aige na meáin chlasaiceacha agus na meáin nua a chumasc le haghaidh saothair nua a fhorbairt agus a chur i láthair. Tugtar cuireadh d'ealaíontóirí cruthaithe agus d'ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn, is cuma faoi na meáin atá á saothrú acu, chun saothrú i gcomhpháirt agus triail a bhaint as uirlisí nua teicneolaíochta agus as córais nua seachadta. Tá an Chónaitheacht Idirnáisiúnta seo oscailte d'ealaíontóirí ó gach réimse, beag beann ar a dtaithí theicneolaíochta. Ní theastaíonn aon taithí oibre sa teicneolaíocht/sna meáin nua.

Saoráidí
Cuirfidh Location One stiúideo oibre ar fáil 7 lá na seachtaine, 24 uair an chloig sa lá. Beidh an t-ealaíontóir cónaitheach in ann Ríomhairí Apple a úsáid le bogearraí le haghaidh chruthú an tsaothair ilmheánaigha. Beidh cead ag an ealaíontóir cónaitheach úsáid a bhaint as trealamh digiteach agus físe Location One, a bhíonn á roinnt idir ealaíontóirí le linn uaireanta oibre. Chomh maith leis sin, cuirtear teicneolaíocht sruthaithe idirghníomhach ar fáil d'ealaíontóirí cónaitheacha, de réir mar is gá. Spreagtar an t-ealaíontóir chun eolas a chur ar an nuatheicneolaíocht chun saothar nua a chruthú. Tabhair faoi deara, le do thoil, nach riachtanas de chuid chlár Location One go ndéanfaí saothar nua a fhorbairt.

Taispeántas
Má dhéanann an t-ealaíontóir saothar nua a fhorbairt, déanfaidh Location One é a thaispeáint go poiblí ar shlí éigin ina chuid gailearaithe. De réir mar is féidir is amhlaidh a dhéanfar gné ar líne den saothar nua a fhorbairt, a bheochraoladh, a thaifeadadh go digiteach agus a stóráil go buan sa chartlann ar www.location1.org chun go mbeidh an t-ealaíontóir agus an lucht féachana in ann tagairt dó san am atá le teacht.

Seirbhísí
Cuirfidh foireann an ionaid treoir agus tacaíocht theicniúil ar fáil don ealaíontóir ó mhí go mí. Beidh ceardlanna ann chun múineadh don ealaíontóir conas leas a bhaint as bogearraí cruthaitheacha (m.sh. Photoshop, Flash, Illustrator, Dreamweaver, Final Cut Pro). Le linn thréimhse cónaitheachta an ealaíontóra is amhlaidh a shocróidh Location One agallamh idir an t-ealaíontóir agus coimeádaí/criticeoir ealaíne/oibrí ealaíne gairmiúil mar gheall ar an saothar agus ar chleachtadh na healaíne. Craolfar an t-agallamh seo ar **www.location1.*org*** agus stórálfar i gcartlann ar líne é sa chaoi is gur féidir é a rochtain i gcónaí. Déanfaidh Location One iarracht an t-ealaíontóir a chur i dteagmháil le coimeádaithe agus le criticeoirí atá lonnaithe thall i Nua Eabhrac agus lena líonra idirnáisiúnta de lucht ealaíne gairmiúil.

Conas iarratas a dhéanamh
Iarr foirm iarratais ón gComhairle Ealaíon.

Critéir
Féach na critéir ar leathanach 8.

Coinníollacha na Comhaltachta Location One
Beidh ar an iarratasóir ar a mbronntar an dámhachtain:

- Comhaontú a dhéanamh a chuireann ceangal air/uirthi cuspóir na dámhachtana a chomhlíonadh;
- Tuairisc mhionsonraithe a chur ar fáil i ndiaidh dóibh filleadh;
- Ní bheidh aon dul thar chinneadh na Comhairle Ealaíne agus na hInstitiúide Cultúrtha Gael Mheiriceánaí.

Táthar ag súil go réiteofar an gearrliosta tosaigh go déanach i mí an Mhárta agus go ndéanfar an roghnú deireanach i mí na Bealtaine; moltar d'iarratasóirí a chur in iúl an áit a mbeidh siad le linn an phróisis roghnúcháin.

Cad é luach na dámhachtana?
Is fiú tuairim agus €37,000 an dámhachtain seo. Féach freisin 'Saoráidí'.

Cáipéisíocht tacaíochta
Féach le do thoil leathanaigh 6 & 7 ('Cáipéisíocht Tacaíochta') le haghaidh eolais ar an gcáipéisíocht tacaíochta a theastaíonn agus na formáidí ar gá cloí leo.

Conas a mheastar iarratais?
Úsáidtear córas dhá ghiúiré le haghaidh roghnú na n-ealaíontóirí cónaitheacha idirnáisiúnta. Ceapann an Chomhairle Ealaíon painéal chun na hiarratais go léir a mheas. Cuireann an painéal seo gearrliosta tosaigh ar fáil do Location One. Déanann Giúiré de chuid Location One thall i Nua Eabhrac an roghnú deireanach de réir an ghearrliosta.

Le haghaidh tuilleadh eolais, téigh i dteagmháil le:
T: 01 618 0200
R: locationonefellowship@artscouncil.ie

Seol d'iarratas chuig:
Comhaltacht Location One
An Chomhairle Ealaíon
70 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2

Cónaitheacht Banff

Dáta deiridh: 9 Márta, 5.30i.n.

Ba í an Chomhairle Ealaíon - i gcomhar leis an Banff Centre for the Arts thall in Alberta, Ceanada - a bhunaigh an chónaitheacht seo chun tuilleadh deiseanna a chruthú ar son cómhalartú ealaíne idir Éire agus Ceanada agus chun deis a thabhairt do chleachtóir ealaíne tréimhse a chaitheamh in Banff agus a c(h)uid ealaíne a shaibhriú trí idirghníomhú le comhealaíontóirí gairmiúla idirnáisiúnta. Tugann an chónaitheacht seo deis don ealaíontóir breathnú ar fhorbairtí ealaíne sna réimsí ar spéis leis/léi féin agus deiseanna a thapú i gcomhair fáis agus forbartha san ealaín. Is í aidhm shonrach na cónaitheachta seo ná ligean don ealaíontóir díriú ar thionscadal nó ar chlár ealaíne ar leith i dtimpeallacht an díseartáin idirnáisiúnta seo. Maireann an chónaitheacht ar feadh tréimhse 8 -10 seachtaine am éigin idir Eanáir agus Márta 2007 agus bunaithe in Leighton Studios.

Saoráidí
Tá Leighton Studios suite i gcoillearnach chúlráideach. I ngach stiúideo tá cistin bheag, seomra folctha/leithris, teileafón, seinnteoir dlúthdhiosca/caiséad agus troscán compordach. Tá pianó i dtrí cinn de na stiúideonna. Is le haghaidh péintéirí a dearadh dhá cheann díobh, agus tá siad áirgiúil go leor le haghaidh meithleacha beaga. B'fhéidir go mbeidh tacaíocht theicniúil, trealamh agus áiseanna breise léiriúcháin le fáil freisin. Má tá aon ní ar leith ag teastáil ón iarratasóir, ba chóir é a lua san iarratas. Tá áiseanna ríomhphoist agus Idirlín le fáil freisin. Ní hamhlaidh a chónaíonn na healaíontóirí sna stiúideonna. Cuirtear lóistín ar fáil dóibh ar an láthair: bíonn seomra príobháideach ag gach duine le folcadán, teileafón agus seirbhís ghlantóireachta. Is féidir le healaíontóirí lánúsáid a bhaint as Leabharlann agus Cartlanna Paul D. Fleck, as na háiseanna spóirt agus áineasa, as an seomra itheacháin agus stóras beag. Bíonn bunseirbhísí sóisialta, cúram leighis agus comhairleacht le fáil ar feadh bhunús na bliana. Maidir le healaíontóirí nach gclúdaítear faoi phlean sláinte Cheanada, tá iallach orthu clúdach cuimsitheach sláinte a bhaint amach i gcomhair a dtréimhse thall sa Banff Centre.

Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?
Tá an chónaitheacht seo oscailte d'ealaíontóirí atá ag saothrú in aon fhoirm/disciplín ealaíne chun saothair nua a sholáthar.

Cé nach bhfuil incháilithe?
- Mic léinn atá ag gabháil do chúrsaí oideachais lánaimseartha nó páirtaimseartha.

Critéir
Chomh maith leis na critéir a imlínítear ar leathanach 8, tá feidhm leis na critéir seo a leanas:
- Cé chomh hoiriúnach agus a bheadh seal oibre in Banff d'fhís ealaíne an iarratasóra agus cé chomh mór is a chabhródh sé le forás an iarratasóra;
- Cumas an ealaíontóra chun dul i ngleic go rathúil le dúshláin traschultúrtha;
- Acmhainní a bheith le fáil ag Banff atá riachtanach don saothar atá beartaithe ag an ealaíontóir;
- An sochar a bhainfeadh an t-iarratasóir as an gcaidreamh le healaíontóirí cónaitheacha as tíortha eile le linn na tréimhse in Banff;
- An dóchúlacht atá ann go mbeidh toradh ar an dámhachtain de réir mar a bhítear ag súil leis.

Cad é luach na dámhachtana?
Ní íoctar thar €11,000 ar son costais na cónaitheachta, an taistil agus an árachais a chlúdach. Tugtar ranníocaíocht suas le €650 ar son cheannach ábhair ealaíne. Tá cnuas seachtainiúil de €500 i gceist sa dámhachtain.

Conas iarratas a dhéanamh
Iarr foirm iarratais ón gComhairle Ealaíon.

Cáipéisíocht tacaíochta
Féach le do thoil leathanaigh 6 & 7 ('Cáipéisíocht Tacaíochta') le haghaidh eolais ar an gcáipéisíocht tacaíochta a theastaíonn agus na formáidí ar gá cloí leo.

Le haghaidh tuilleadh eolais, téigh i dteagmháil le:
T: 01 618 0200
R: banff@artscouncil.ie

Seol d'iarratas chuig:
Cónaitheacht Banff:
An Chomhairle Ealaíon
70 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2

the arts council
an chomhairle ealaíon

supports for artists
07

Is í an Chomhairle Ealaíon gníomhaireacht an rialtais le haghaidh na healaíona a fhorbairt in Éirinn agus is í is mó a mhaoiníonn na healaíona in Éirinn. Cuireann an Chomhairle Ealaíon deontais ar fáil d'eagraíochtaí ealaíon gach bliain, chomh maith le deontais d'ealaíontóirí (dámhachtainí ealaíontóirí). Is é an cuspóir atá le gach deontas a bhronntar ná feabhas agus nuálaíocht ealaíne a chur chun cinn.

Cuireann an Chomhairle an prionsabal comh-rochtana i bhfeidhm, agus déanann sí measúnú ar gach iarratas gan aird ar inscne, cine nó míchumas. Déantar gach iarratas a mheas go cothrom agus gan a bheith claonta. Bíonn níos mó éileamh ar chúnamh deontais i gcónaí ná mar atá ar fáil dúinn, agus, ar an drochuair, ní gá go ndéanfar maoiniú ar gach iarratas maith agus incháilithe.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar obair na Comhairle Ealaíon, féach www.artscouncil.ie.

70 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2, Éire

t +353 1 618 0200
f +353 1 676 1302
Callsave 1850 392492

r reception@artscouncil.ie
w www.artscouncil.ie

ISBN 1-904291-28-7 978-1-904291-28-2

An English version of this guide is available from the Arts Council on request